

# Nuacht Fhine Gall

Eagrán Uimh 20

Lúnasa 2021

Do Chomhairle, ag obair duitse

# AN T-EAGRÁN GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE

13 - 19 September 2021

DUBLIN CLIMATE ACTION WEEK

Local Authorities Leading on Climate Action

## LAISTIGH

Téigh in aithne ar an Méara Nua Cllr Seána Ó Rodaigh - Leathanach 2 & 3

Seachtain Gníomhaíochta Aeráide - Leathanach 6

Seachtain na Rothar 2021 - Leathanach 10

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Teachtaireacht ón Mhéara



Ba mhór an onóir dom a bheith tofa i mo Mhéara ar Fhine Gall ag an gCruinniú Cinn Bliana i mí an Mheithimh. Táim ag súil leis an mbliain iontach atá os mo chomhair agus mé ag obair thar ceann phobal Fhine Gall. Áirítear an mheabhairshláinte agus ionadaíocht ban sa saol poiblí i measc na dtosaíochtaí atá agam don bhliain atá amach romhainn. Tá sé mar aidhm agam comhoibriú leis na trí mhéara eile i mBaile Átha Cliath ar son leas an phobail.

Ba mhór an onóir dom a bheith tofa i mo Mhéara ar Fhine Gall ag an gCruinniú Cinn Bliana i mí an Mheithimh. Táim ag súil leis an mbliain iontach atá os mo chomhair agus mé ag obair thar ceann phobal Fhine Gall. Áirítear an mheabhairshláinte agus ionadaíocht ban sa saol poiblí i measc na dtosaíochtaí atá agam don bhliain atá amach romhainn. Tá sé mar aidhm agam comhoibriú leis na trí mhéara eile i mBaile Átha Cliath ar son leas phobal uile Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh cuntas nua Twitter, @ MayorofFingal, gur féidir a leanúint má tá suim agat a bheith ar an eolas faoin méid a bhíonn ar siúl.

De bharr na ndualgas a bhí orm go dtí seo, tá léargas faighte agam ar an réimse gníomhaíochtaí, a bhfuil an-éagsúlacht ag baint leo, a bhíonn ar siúl i bhFine Gall. Ba mhaith liom moladh a thabhairt do na hoibrithe deonacha ar fad a oibríonn gan sos gan scíth d'fhonn pobail an cheantair a chothú agus a fheabhsú. Bíonn an-tionchar ag bhur ngníomhaíochtaí ar fud an cheantair. Fad atáimid ag iarraidh dul i dtaithí ar an saol le Covid, tá sé níos soiléire ná mar a bhí riamh an tábhacht mhór a bhaineann le dlúthpháirtíocht an phobail.

Rinne mé cathaoirleacht ar chruinniú iomlán na Comhairle den chéad uair ar an 12 Iúil, ag an gcruinniú sin vótáil comhairleoirí i bhfabhar an Cáin Mhaoine Áitiúil a laghdú faoi 10% agus an ráta a ghearrtar ar íocóirí a choinneáil, mar atá amhlaidh ó 2018. Tugadh an t-eolas is deireanaí do chomhairleoirí maidir le Ceathrú Cultúir Shoird agus roinneadh an dea-scéala leo gur ceapadh an fhoireann deartha. Cuirfear dlús leis an tionscadal anois agus táthar ag súil é a chur amach ar tairiscint i mí Aibreáin 2023, agus tá sé beartaithe tús a chur le hobair tógála i Ráithe 3, 2023.

Tá leas níos mó á bhaint as spásanna poiblí anois ná riamh, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine atá á n-úsáid go ciallmhar. Bealach amháin chun áilleacht na bpáirceanna agus na dtránna atá againn a choinneáil ná do chuid bruscair féin a thabhairt abhaile leat. Molaim go mór cuairt a thabhairt ar an Ros chun múrphictiúr Ros Eo a fheiceáil, in aice le Club Cruicéid an Rois - tá sé dochreidte ar fad.

Faoi dheireadh, chuir sé brón mór orm scéala a chloisteáil faoi bhás an Chomhairleora Freddie Cooper ar an 29 Meitheamh. Thogh muintir Bhaile Bhlainséir-Mhullach Eadrad an Comhairleoir Cooper sa bhliain 2019 agus is le dúthracht a d'fhreastail sé ar an bpobal. Beidh a bhás ag luí go trom ar a theaghlach, agus táimid ag cuimhneamh ar Mary, Sarah agus Paul ag an am seo. Suaimhneas síoraí dá anam.

Cllr Seána Ó Rodaigh

## Teachtaireacht ón Phríomhfheidhmeannaigh



Cé gur gearr go mbeidh an Samhraidh thart, thug sé ardú croí dom an oiread sin daoine a fheiceáil ag caitheamh na míonna teo a bhí againn ag baint taitneamh as áilleacht Fhine Gall. Cé go bhfuil Covid-19 fós linn, táim buíoch gur thug an clár vacsaínithe beagán saoirse dúinn le roinnt míonna anuas.

Táimid thar a bheith sásta go rabhthas ábalta úsáid a bhaint as go leor de na saoráidí atá againn ar feadh an tSamhraidh, leithéidí Teach & Feirm Newbridge agus Eastát Farmleigh mar shampla. Bhain go leor sásamh as na páirceanna agus tránna áille atá againn, agus is iontach an rud é sin a fheiceáil. D'oibrigh na foirne atá againn go díograiseach chun spásanna le bheith ag ithe lasmuigh, saoráidí nua leithreas poiblí agus boscaí bruscair a chur ar fáil le go mbeadh Samhradh deas agus sásúil againn.

Tharla go leor forbairtí iontacha le roinnt míonna anuas, an chéad cheann acu sin ná gur ceapadh foireann dearaidh chomhtháite do Cheathrú Cultúir Shoird. Is iad O'Donnell agus Tuomey, ailtirí a bhfuil gradaim buaite acu, a bheidh i mbun an tionscadail. Déanfar lárphointe de Cheathrú Cultúir Shoird don eolas, do na healaíona agus don chultúr sa cheantar agus táimid ag súil go mór leis an bhforbairt.

Tugadh an próiseas comhairliúcháin phoiblí chun críche le gairid do Bhealach Glas na Canálach Ríoga. Leis an tionscadal seo, beidh d'acmhainn againn saoráidí rothaíochta agus siúlóide den scoth a chur ar fáil do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon. Tháinig deiridh le gairid leis an bpróiseas aighneachtaí maidir le Mol Áineasa Bhaile Mastún i nDomhnach Bat. Cuirfear réimse leathan de ghníomhaíochtaí spóirt agus áineasa ar fáil leis an mol seo a bheidh ina shaoráid phoiblí chomhroinnte. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach duine a ghlac páirt agus a rinne aighneachtaí maidir leis an dá thionscadal.

Tá an tSeachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide ag teannadh linn anois agus tá sé tábhachtach ach go háirithe na fadhbanna práinneacha atá romhainn ar an saol seo a phlé. Bíonn Comhairle Contae Fhine Gall ag iarraidh daoine a spreagadh le bheith páirteach i dtaisteal gníomhach, uisce a spáráil, bruscar a ghlanadh suas agus salachar a gcuid peataí a ghlanadh suas. Tá an oiread sin is féidir linn a dhéanamh mar phobal chun an luas atá faoin athrú aeráide a stopadh. Leanfaimid orainn i gComhairle Contae Fhine Gall ag iarraidh athruithe a theastaíonn a dhéanamh a dhéanamh de réir mar a bheidh tuiscint níos fearr againn ar ár bpláinéad.

De réir mar a bheidh leanaí ag filleadh ar an scoil agus an aimsir ag éirí níos fuaire, iarraim oraibh go léir aird a thabhairt i gcónaí ar na treoirlínte sláinte poiblí maidir le Covid-19.

Go raibh maith agaibh as an eagrán seo de Nuacht Fhine Gall a léamh. Tugaigí aire díobh féin.

AnnMarie Farrelly

# An Comhairleoir Seána Ó Rodaigh tofa ina Méara ar Fhine Gall

**Toghadh an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh ina Méara ar Fhine Gall ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil sa Grand Hotel i Mullach Íde i mí an Mheithimh.**



Toghadh an Comhairleoir Ó Ródaigh, ar ionadaí í do thoghlimistéar áitiúil Bhaile Brigín, ina comhairleoir den chéad uair sa bhliain 2019. Tá sí lonnaithe sna Sceirí agus oibríonn sí mar mhúinteoir i Scoil Náisiúnta Phádraig Naofa sa bhaile sin. Áiríonn sí leis na tosaíochtaí atá aici don bhliain atá amach romhainn an mheabhairshláinte agus ionadaíocht na mban sa saol poiblí. Tá rún daingean aici freisin oibriú leis na trí Mhéara ó chomhairlí eile Bhaile Átha Cliath chun leas coiteann gach saoránach i mBaile Átha Cliath.

Roinnt míonna gnóthacha a bhí ann don Mhéara nuathofa ar Fhine Gall. Go dtí seo, bhí deis ag an gComhairleoir Ó Rodaigh tacú le tionscadail iontacha, freastal ar ócáidí áitiúla agus taithí a fháil ar an raon leathan imeachtaí a bhíonn ar siúl i bhFine Gall. An 12 Iúil rinne an Comhairleoir Ó Rodaigh cathaoirleacht ar chruinniú Comhairle iomlán den chéad uair, tráth ar vótáil na comhairleoirí Cáin Mhaoine Áitiúil a laghdú 10%. Rinne sí cathaoirleacht freisin ar chruinniú tionscnaimh Chácas na mBan, sheol sí Féile Pobail na nEalaíon Poiblí Momentum 2021, d'fhreastail sí ar nochtadh Bhalla Múrmhaisithe Ros Eo sa Ros agus chas sí le buaiteoirí chomórtas Chath na Leabhar i Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Pádraig.

Maidir lena ról nua, dúirt an Méara: "Ba mhór an onóir dom é a bheith tofa mar Mhéara ar Fhine Gall ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil i mí an Mheithimh. Táim ag súil leis an mbliain mhór atá romhainn agus leis an obair ar son mhuintir Fhine Gall. I measc na dtosaíochtaí atá agam don bhliain atá romhainn tá an mheabhairshláinte agus ionadaíocht na mban sa saol poiblí."

Seo é an seachtú uair a raibh ceannas ag bean ar Chomhairle Fhine Gall ó bunaíodh an Chomhairle sa bhliain 1994. Anuas air sin, is í an Comhairleoir Ó Rodaigh an tríú bean a toghadh ina Méara ó bunaíodh an post sa bhliain 2006.



Toghadh an Comhairleoir Daniel Whooley ón gComhaontas Glas ina Leas-Mhéara agus tabharfaidh sé tacaíocht don Chomhairleoir Ó Rodaigh i rith na bliana. Is ionadaí é do Thoghlimistéar Ongar agus is mac léinn é in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Baile Bhlainséir, mar a bhfuil sé ag déanamh staidéar ar an gCibearshlándáil.

Ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil thug idir chomhairleoirí agus Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, ómós don Mhéara atá ag dul as oifig, an Comhairleoir David Healy. Bhronn AnnMarie Farrelly Bonn Comórtha ar an gComhairleoir Healy mar aon le halbam grianghraf ina bhfuil taifid ar an mbliain a chaith sé ina Mhéara.

# Foireann deartha ainmnithe i gcéim mhór do Cheathrú Chultúrtha Shoird

**Tá céim mhór chun tosaigh tógtha ag Ceathrú Chultúrtha Shoird le ceapadh foirne dearaidh comhtháite. Beidh na hailtirí O'Donnell agus Tuomey, a bhfuil duaiseanna buaite acu, i gceannas ar an bhfoireann.**

Agus an fhoireann seo ceaptha anois, is féidir leis an gComhairle dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal le próiseas comhairliúcháin phoiblí atá beartaithe le tosú i mBealtaine 2022. Meastar go rachaidh an tionscadal chun tairisceana poiblí in Aibreán 2023 agus cuirfear tús le hoibreacha tógála i R4 2023.

Beidh Ceathrú Chultúrtha Shoird suite i gcroílár Bhaile Contae Fhine Gall, agus beidh sé mar phointe fócasach don phobal áitiúil agus mar cheann scríbe inmhianaithe do chuairteoirí. Beidh an spás comhdhéanta den Ionad Cathrach agus Cultúrtha agus Foirgneamh Moil in aice le hOifigí Contae Fhine Gall agus Caisleán Shoird ag an taobh ó thuaidh de Phríomhshráid Shoird.

Beidh an tIonad Cathrach agus Cultúrtha mar lárphointe eolais, ealaíon agus cultúrtha a chuirfidh go mór leis an gceantar. Cuimseoidh sé spás leabharlainne, ionad taibhithe agus ionad ealaíon le roinnt áiseanna tacaíochta is féidir a úsáid le haghaidh riachtanais ealaíne, cultúrtha agus pobail.

Ag labhairt dó faoin spás nua, dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh: "Is é cuspóir thionscadal Cheathrú Cultúrtha Shoird fuinneamh a chur sa limistéar seo de Shord d'fhonn baile cothrom a chruthú a sholáthraíonn áiteanna, foirgnimh agus spásanna do ghníomhaíocht chultúrtha agus eacnamaíoch dá saoránaigh go léir agus chun ómós áite a chruthú."

Is cleachtas ailtireachta é O'Donnell and Tuomey, a bhfuil duaiseanna buaite aige, a bunaíodh i 1988, faoi stiúir Sheila O'Donnell agus John Tuomey. Mar chuid dá gcuid oibre rinneadh comhtháthú bríoch ar struchtúir nua i gcomhthéacsanna a raibh tábhacht stairiúil leo, rud a fhágann go bhfuil a bhfoireann foirfe don tionscadal seo, áit a dtiocfaidh ailtireacht mheánaoiseach agus nua-aimseartha le chéile

Tá os cionn 120 duais náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach ag a gcleachtas as a gcuid foirgneamh críochnaithe. I measc na saothar is cáiliúla atá acu tá Central European University i mBúdaipeist,



Gailearaí Glucksman i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, Amharclann an Lyric i mBéal Feirste agus Stratford Waterfront Masterplan i Londain. Bhí baint acu freisin le forbairt Bharra an Teampaill, lena n-áirítear dearadh Institiúid Scannán na hÉireann, Coláiste Grianghrafadóireachta ITBÁC agus an Chartlann Grianghrafadóireachta Náisiúnta.

Dúirt John Tuomey: "Tá sceitimíní orainn maidir leis an bhfís do Cheathrú Chultúrtha Shoird, agus an bhéim atá ar an tírdhreach oidhreachta, an spás poiblí, an amharclainne agus áiseanna ealaíne. Bhí sé mar aidhm againn páirt a ghlacadh i dtionscadail mar



seo, áit ar féidir leis an ailtireacht cur le cruth na sochaí, a leagamar amach go praiticiúil.”

Ag labhairt di faoin bhfoireann dearaidh, dúirt Ailtire Contae Fhine Gall, Fionnuala May: “Tá ríméad orm gur ceapadh na hAiltirí O`Donnell agus Tuomey ar thionscadal Cheathrú Chultúrtha Shoird. Léiríonn an chloch mhíle thábhachtach seo tús na tréimhse dearaidh dár Leabharlann agus Ionad Ealaíon Contae nua. Is é ár n-uaillmhian dearadh a léiríonn an bród atá againn i Sord mar ár mbaile contae agus níl aon amhras orm ach go mbainfidh O Donnell agus Tuomey agus a bhfoireann é sin amach.”

De réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ag nuashonrú na ndearaí beartaithe agus mar sin bí ag faire amach le haghaidh tuilleadh nuachta in eagráin de Nuacht Fhine Gall amach anseo.



# Clár Imeachtaí Seolta do Sheachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath

**Tá an clár imeachtaí agus clárú ar líne seolta don chéad Sheachain um Ghníomhú ar son na hAeráide riamh i mBaile Átha Cliath (DCAW21), a bheidh ar siúl ón Luan, 13 Meán Fómhair go dtí Dé Domhnaigh an 19 Meán Fómhair 2021.**

Tá raon imeachtaí maidir le gníomhú ar son na haeráide, ar líne agus go pearsanta oscailte anois chun clárú ag www.dublinclimateactionweek.ie Tugann an raon leathan imeachtaí aghaidh ar na réimsí téama, Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Teacht Aniar ó thaobh Tuilte, Bainistíocht Acmhainní agus Rannpháirtíocht na Saoránach.

Leagtar béim i dTuarascáil an Phainéil Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) 2021, go neamhbhalbh ar an ngéarghá atá le gníomhú ar son na haeráide i ngach earnáil den tsochaí. Áirítear ar cheann de bhuaicphointí Chlár DCAW21 Díospóireacht Phainéil maidir le Gníomhú ar son na hAeráide le Príomhfheidhmeannaigh na ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath, a bheidh ar siúl ar líne Dé Máirt, an 24 Meán Fómhair 2021 ag 10am. Tá sé beartaithe go gcuirfear líon taispeántas scannáin ar siúl ar líne agus beidh taispeántais scannán maidir leis an aeráid ar siúil faoin aer in ionaid ar fud Bhaile Átha Cliath. Beidh raon imeachtaí ar siúl don teaghlach freisin, lena n-áirítear ceardlanna do leanaí agus siúlóidí treoraithe i bpáirceanna poiblí.

San Fhíseáin Bolscaireachta ar líne don Chlár, thug Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Méara Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Méara Chomhairle Contae Fhine Gall agus Méara Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fad le fios: 'Tá Réigiún Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú i ndáil le cúiseanna agus le tionchar athrú aeráide agus táimid ag déanamh athruithe dearfacha. Tá an Chéad Seachtain riamh um Ghníomhú ar son na hAeráide eagraithe againn i mBaile Átha Cliath, chun an dul chun cinn atá déanta againn maidir le gníomhú ar son na haeráide a thaispeáint do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus do dhaoine in áiteanna eile. Tá clár spreagúil imeachtaí seolta againn a chuimsíonn réimse téamaí. Tá rud éigin ann don uile dhuine. Féadfaidh tú clárú do na himeachtaí seo ar láithreán gréasáin na Seachtaine um Ghníomhú ar son na hAeráide www.dublinclimateactionweek.ie. Tugaimid cuireadh duit a bheith linn. Faigh tuilleadh faisnéise maidir le feidhmiú i ndáil le hathrú aeráide ionas go mbeimid go léir ag Tabhairt Faoi Ghníomh, Le Chéile'.

Tá an tseachtain á heagrú agus á seachadadh i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Codema – an chéad Ghníomhaireacht Fuinnimh riamh i mBaile Átha Cliath agus Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO).

Is é atá mar fhís fhoriomlán don tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath 2021 an dul chun cinn atá á dhéanamh i mBaile Átha Cliath maidir le gníomhú ar son na haeráide a léiriú do shaoránaigh Bhaile Átha Cliath agus ról ceannaireachta na ceithre údarás áitiúla a thaispeáint i gcomhar le comhpháirtithe eile. Is iad cuspóirí comhaontaithe comhroinnte an tionscnaimh:

- An dul chun cinn maidir le Pleananna Gníomhaíochta um Athrú Aeráide agus an cur chuige réigiúnach i leith gníomh ar son na haeráide na ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath a léiriú;
- Caidreamh a bhunú le raon iomlán comhpháirtithe chun faisnéis a chomhroinnt maidir le hiarrachtaí agus le nuálaíocht ar fud earnálacha;
- Gníomhú ar son na haeráide a thabhairt chun fíre ionas go mbeidh deis ag saoránaigh an méid atá i gceist le gníomhú ar son na haeráide a fheiceáil dóibh féin;
- An tionscnamh seo a chur chun cinn ionas go mbeimid in ann a bheith rannpháirteach go hiomlán leis an AE agus le cathracha idirnáisiúnta agus lenár bpiaraí aeráide; agus
- Oidhreacht a chruthú ionas go mbeifear in ann an tionscnamh seo a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla sna blianta atá amach romhainn.

Coinnigh ar an eolas maidir le Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 ag www.dublinclimateactionweek.ie nó lean muid ag #DCAW21 ar na meáin shóisialta.

# Chlár Imeachta na Seachtaine Gníomhaíochta Aeráide

| Day | Time | Event | Speakers | Event Format |
|---|---|---|---|---|
| Monday, 13 Sept 2021 | 14:30 | Rogerstown Park Site Visit-Waste Management in Ireland, and Tips for Households | Ronan O'Reilly, James Walls, Brian Reynolds, Janice Butler | Site Visit |
| Monday, 13 Sept 2021 | 18:30 | ReUse & Repair Initiative in Fingal | Rediscovery reps, Sinead Fox, Community reps | Online Screening |
| Tuesday, 14 Sept 2021 | 10:00 | Chief Executive of the Dublin Local Authorities | DLR,Fingal,DCC,SDCC, CARO Chief Executives | Online Panel Discussion |
| Tuesday, 14 Sept 2021 | 19:00 | Living Lightly- Sustainable Living | Elaine Butler | Online Live Webinar |
| Wednesday, 15 Sept 2021 | 12:00 | St. Ita's Wetland Site Visit- Biodiversity & Climate benefit of Rewetting Wetlands | Hans Visser | Site Visit |
| Wednesday, 15 Sept 2021 | 10:00 | Rogerstown Estuary Site Visit - Let it Flood | Hans Visser | Site Visit |
| Wednesday, 15 Sept 2021 | 16:00 | Sustainable Fingal webinar - Highlight Opportunities and Supports for SME's | Aoife Sheridan, Darija Balciunaite | Live Webinar |
| Thursday, 16 Sept 2021 | 10:00 | Incorporating Sustainable Drainage Systems in Residential Developments | Colin Gallagher, Daragh Sheedy, | Site Visit |
| Thursday, 16 Sept 2021 | 15:00 | Forests of Fingal | Kevin Halpenny, Michael Staunton | Live Webinar |
| Thursday, 16 Sept 2021 | 19:00 | Conscious Cup Campaign Tidy Towns Workshop | Sorcha Kavanagh | Live Webinar |
| Thursday, 16 Sept 2021 | 13:00 | Fast Fashion Panel Discussion | Carrie Ann Moran | Live Panel Discussion |
| Saturday, 18 Sept 2021 | 10:00 | Composting Made Easy | Craig Benton | Site Visit |
| Saturday, 18 Sept 2021 | 15:00 | Composting Made Easy | | In Person Site Visit - Bayside Association Community Garden |

**Cláraigh le haghaidh imeachtaí www.dublinclimateactionweek.**

# Athraithe Aeráide

**Tá tionchair an athraithe aeráide ag éirí níos soiléire in Éirinn, san Eoraip agus ar fud na cruinne bliain ar bhliain. Tá dearbhú an athuair déanta i dtuarascálacha le déanaí ar an nasc atá ann idir athrú aeráide agus gníomhaíochtaí an duine; agus tá an chuma air gur tarluithe adhaimsire a bheidh i ndán dúinn go fadtéarmach. Caithfimid, mar shochaí, astaíochtaí carbóin a laghdú. Cé go mbeidh dúshlán i gceist leis sin, is iomaí tairbhe freisin a thiocfaidh as. Samhlaigh todhchaí ina mbeimis i dtithe níos teolaí / níos compordaí, ina mbainfí leas as fuinneamh glas a ghinfí ón ngaoth agus ón ngrian, ina n-úsáidfí modhanna taistil níos glaine agus níos ceangailte chomh maith le hiompar poiblí níos fearr, ina mbeadh an t-aer níos glaine, ina mbeadh stíl mhaireachtála níos sláintiúla ag daoine agus ina mbeadh éiceachórais faoi bhláth.**

**Tá sé i gceist againn sa chuid seo de Nuacht Fhine Gall leideanna a thabhairt maidir lena bheith níos feasaí i dtaobh athrú aeráide agus maidir le bearta a dhéanamh gach lá ar son na haeráide.**







Caitear amach 1/3 den bhia ar fad a tháirgtear ar fud an domhain gach bliain, is féidir é seo a sheachaint den chuid is mó. Ginimid breis is 1 milliún tonna dramhbhia in Éirinn gach bliain, is ionann sin agus tuairim is 117kg an teaghlach in aghaidh na bliana. Chun sin a chur i gcomhthéacs, líonfadh an méid sin dramhbhia Páirc an Chrócaigh 2 bhabhta go leith.
Cén bhaint atá ag dramhbhia le hAthrú Aeráide mar sin?

Tá gach uile chéim den phróiseas táirgthe bia, ón gcur, ón mbaint, ón mbia a iompar, a stóráil agus a reo, fíordhian ar fhuinneamh. Ina theannta sin, úsáidtear acmhainní nádúrtha amhail uisce, síolta agus talamh, sa phróiseas. Astaítear gáis ceaptha teasa (GHG) i ngach céim de thimthriall an bhia - lena n-áirítear ag deireadh an timthrialla nuair a thagann meatán ón mbia agus é caite i láithreáin líonta talún. Ar an iomlán, is ón mbia a chaithimid amach a thagann tuairim is 8% d'astaíochtaí GHG an domhain.

Le beagán feasa, machnaimh agus pleanála, áfach, d'fhéadfaimis ár n-iompar maidir le bia a athrú go héasca chomh maith lenár lorg dramhbhia a laghdú. Seo chugat roinnt leideanna ar bhearta is féidir a dhéanamh inniu:
Leideanna:

- Bíonn an saol níos éasca nuair a bhíonn Biachláir Sheachtainiúla leagtha amach agat
- Roghnaigh na miasa a bheidh á réiteach agat ag tús na seachtaine sula dtéann tú chuig an siopa le hearraí grósaera a cheannach. Má dhéanann tú é sin, ní hamháin go laghdóidh tú dramhbhia, fágfaidh sé níos mó ama agat ag am dinnéir.
- Cuideoidh sé leat liosta comhábhar a bheith agat nuair atá tú ag ceannach earraí grósaera gan ach an méid atá uait a cheannach do mhiasa na seachtaine. Laghdóidh sé sin an méid dramhbhia a ghineann tú agus sábhálfaidh sé roinnt airgid duit chomh maith.
- Meastar go gcaitheann gach teaghlach in

Éirinn dramhbhia amach gach bliain ar fiú idir €400 agus €1,000 é.

- Ceannaigh Torthaí agus Glasraí nach bhfuil aon phacáistiú orthu.
- Déan do dhícheall, nuair is féidir, torthaí agus glasraí nach bhfuil aon phacáistiú orthu a cheannach mar go laghdóidh sé sin fuílleach bia, agus is dea-scéal eile é go mbíonn málaí plaisteacha agus pacáistiú plaisteach aon úsáide á sheachaint agat chomh maith.
- Is Fiú go Mór an Reo;
- Gearr suas agus stóráil luibheanna, gairleog, sillí, oinniúin etc i do reoiteoir agus ní bheidh gá duit ansin ach iad a chaitheamh i bhfriochtán/bpota an-te nuair a theastóidh siad uait.
- D'fhéadfá ciúbanna blastáin a réiteach trí ghairleog mhionaithe, sillí agus luibheanna mionghearrtha a chur le hola nó le him leáite agus an meascán sin a chur i dtráidire a úsáidtear chun ciúbanna oighir a dhéanamh. Ní bheadh ort ansin ach ceann de na ciúbanna a chur i bhfriochtán/bpota te nuair a bheifeá ag cócaráil.
- Stóráil arán sa reoiteoir agus déan slisne a thógáil amach agus é a thóstáil de réir mar a theastaíonn sé. Bí cinnte agus sliseanna a dhéanamh den t-arán mura bhfuil sé sin déanta nuair a cheannaíonn tú é.
- Má réitíonn tú miasa móra beidh tú ábalta béile amháin a ithe nuair atá sé réidh agus béile eile a chur sa reoiteoir do lá éigin eile, béile nach mbeidh aon stró ag baint leis.
- Srian ar an Sciar
- Má laghdaíonn tú an méid bia a chuireann tú ar do phláta d'fhéadfá tuilleadh dramhbhia a sheachaint. Mura mbaineann an méid a chuireann tú ar do phláta ar dtús an t-ocras díot féadfaidh tú tuilleadh a fháil.
- Dramhbhia a Dheighilt
- Céim shimplí amháin is féidir a ghlacadh chun an méid bia a théann chuig láithreáin líonta talún ná an dramhbhia a dheighilt ó ábhair eile. Is féidir sin a dhéanamh trí araid mhúirín nó bosca bruscair donn a bheith agat. Bí cinnte go n-úsáideann tú málaí bruscair inmhúirínithe má bhaineann tú úsáid as mála i do bhosca bruscair donn mar go ndianscaoileann siad go héasca.
- Nuair a bhaileofar an bruscar sin, déanfar é a próiseáil i saoráid agus déanfar múirín as a bheifear ábalta a úsáid i ngairdíní agus i ngoirt. Neartaímid geilleagar ciorclach na hÉireann nuair a dhéanaimid é seo.

Má bhain tú sásamh as an mír seo agus dá mba mhaith leat tuilleadh a fháil amach faoi dhramhbhia agus faoi na bealaí a bhféadfá do lorg dramhbhia a laghdú téigh chuig: www.stopfoodwaste.ie Beifear ag reáchtáil an chéad seachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide i mBaile Átha Cliath ón 13 go dtí an 19 Meán Fómhair. Beidh go leor imeachtaí ar bun, ar líne agus imeachtaí a mbeidh daoine ábalta freastal orthu - iad ar fad faoi chúrsaí athraithe aeráide. Chun tuilleadh eolais a fháil teigh chuig: https://dublinclimatechange.codema.ie/climate-action-week/






# Seachtain na Rothar 2021: 12-19 Meán Fómhair

**Beidh Seachtain na Rothar 2021 ar siúl ón Domhnach an 12 Meán Fómhair go dtí an Satharn an 18 Meán Fómhair. Tá ríméad ar Roinn Comhshaoil, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Taisteal Gníomhach Chomhairle Contae Fhine Gall clár bríomhar imeachtaí a fhógairt a bheidh ag tarlú ar fud Fhine Gall.**

Beidh réimse imeachtaí saor in aisce ar siúl ar fud Fhine Gall feadh Sheachtain na Rothar. Cibé an duine tú a bhfuil seanchleachtadh agat ag rothaíocht nó atá ag tosú amach, tá fáilte romhat a bheith páirteach.

Beidh rud éigin ann do gach duine.

Caith súil ar an gclár thíos agus tabhair cuairt ar www.fingal.ie/active-travel/bikeweek chun clárú

## Imeachtaí Seachtain na Rother i Fhine Gall

| Sunday, 12 Sept | Monday, 13 Sept | Tuesday, 14 Sept | Wednesday, 15 Sept | Thursday, 16 Sept | Friday, 17 Sept | Saturday, 18 Sept |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Rothaíocht do Ghrúpa Teaglach | | | Ceardlanna Rothaíochta Do Dhaoine Fásta - Rivervalley | Ceardlanna Rothaíochta Do Dhaoine Fásta - Hartstown | Rothaíocht San Oíche<br>Caisléan Mhullach Íde | Lá Spraoi Don Teaglach St. Catherines Park |
| Pedal do do Bhonn - Fad na Seachtaine | | | | | | |
| Comórtas #CycleThere - Fad na Seachtaine | | | | | | |
| Timthriall Sár-laoch - Fad na Seachtaine | | | | | | |
| Cothabháil Rothar a Fhoghlaim - Fad na Seachtaine | | | | | | |

### ROTHAÍOCHT DO GHRÚPA TEAGHLACH

Buail ar do rothar agus cuir eolas ar na bealaí rothaíochta iontacha, áille agus sábháilte atá ar fud Fhine Gall. Caith súil ar na léarscáileanna de na bealaí rothaíochta atá oiriúnach don teaghlach ag fingal.ie/active-travel/bikeweek

### CEARDLANNA ROTHAÍOCHTA DO DHAOINE FÁSTA

An bhfuil rothar agat sa seid a bhfuil meirg air? Cuideoidh an t-imeacht seo leat do rothar a chur ar bóthar arís go sábháilte. Cláraigh ar líne ag fingal.ie/active-travel/bikeweek

### ROTHAÍOCHT SAN OÍCHE

CAISLEÁN MHULLACH ÍDE 7PM

Imeacht rothaíochta don teaghlach ar fad atá leagtha amach chun rannpháirtithe a spreagadh sult a bhaint as rothaíocht go sábháilte. Imeacht é seo arna reáchtáil i gcomhar mar cheiliúradh ar Sheachtain na Rothar 2021 agus an tSeachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide.

### LÁ SPRAOI DON TEAGHLACH

PÁIRC SAN CAITRÍONA

10AM-6PM

Cuirfear fáilte roimh dhaoine de gach aois le sult a bhaint as gníomhaíochtaí rothaíochta go sábháilte agus tuilleadh eolais a chur ar bhealaí iompair inbhuanaithe.

- Veileadróm Sráide
- Seiceálacha Sábháilteachta ar Rothair
- Rothaíocht Beag Beann ar Aois - turais TriBike
- Rianta BMX
- Cúrsa sábháilteachta rothaíochta do leanaí
- Rothair 'Bleeper'

Comhairle Contae Fhine Gall / Fingal County Council · TFI Transport for Ireland · NTA Údarás Náisiúnta Iompair / National Transport Authority · An Roinn Iompair / Department of Transport

# Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS)

Bronnadh maoiniú ar fiú €15m é ar 11 bunscoil agus iar-bhunscoil i bhFine Gall sa chéad bhabhta den Chlár Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS). Is í an Roinn Iompar, tríd an Údarás Náisiúnta Iompair, a chuireann maoiniú ar fáil don scéim (NTA) agus tacaíonn an Roinn Oideachais léi. Beidh An Taisce ag comhghaolú an chláir, agus cuirfear maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla d'úsáid áitiúil chun an bonneagar ar feadh na mbealaí rochtana agus ag geata na scoile a chur ar fáil agus a fheabhsú.

Is í foireann Taistil Ghníomhaigh Fhine Gall a thabharfaidh faoin obair sin i bhFine Gall. Tá Taisteal Gníomhach ag obair chun iompar inbhuanaithe agus sábháilte a fhorbairt ar fud an chontae.

Tá sé i gceist leis an gclár Bealaí Sábháilte chun na Scoile bealaí siúil agus rothaíochta níos sábháilte a thógáil i bpobail, déanfar sin trí bhrú tráchta a mhaolú ag geataí na scoile, d'fhonn líon na leanaí a shiúlann nó a théann ar rothar chun na scoile a mhéadú trí áiseanna siúil agus rothaíochta a chur ar fáil.

Tá réimse oibre feabhsúcháin le déanamh ar an mbealach chun na scoile, idir uasghrádú a dhéanamh ar an gcosán nó lána rothaíochta nua a thógáil, agus bóthar nua amach is amach a thógáil taobh amuigh den bhealach isteach chun na scoile. Cuirfear racaí rothar agus scútar ar fáil ag an gcuid is mó de na scoileanna atá páirteach sa chlár.

Tiocfar ar réitigh tríd an gclár seo chun go mbeidh taisteal chun na scoile agus ón scoil níos folláine agus níos inbhuanaithe trí mhodhanna taistil, amhail siúl, scútáil agus rothaíocht chun na scoile, a chur chun cinn de réir oird chun cuidiú le daoine óga a bheith níos neamhspleáiche agus chun folláine na ndaltaí a neartú. Tríd is tríd, cuideoidh an tionscnamh seo le scoileanna taisteal gníomhach agus sábháilte a chur chun cinn do gach dalta trí chuidiú linn ar fad astaíochtaí agus truailliú aeir a laghdú.

Tá an leibhéal spéise atá léirithe sa scéim seo fíordhearfach go deo, 932 scoil a léirigh go bhfuil spéis acu ann agus cé nár bronnadh maoiniú ar gach scoil in 2021, tá clár ilbhliantúil sealadach curtha le chéile trína mbeifear ábalta maoiniú a bhronnadh ar níos mó iarratasóirí amach anseo. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair, mar aon leis An Taisce agus na húdaráis áitiúla ag súil le bheith ag obair le pobail agus difear ceart a dhéanamh do scoileanna, do theaghlaigh agus don timpeallacht.

Tá scoileanna ar fad na tíre incháilithe d'iarratas a dhéanamh ar an gclár. Téigh chuig www.greenschoolsireland.org/saferoutestoschool chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár.

# Bunscoileanna ar fud Fhine Gall chun méadar báistí stáisiúin aimsire a fháil

**Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall méadair bháistí a dháileadh ar 100 bunscoil timpeall Fhine Gall mar iarracht taifid bháistí níos mionsonraithe a sholáthar don chontae. Sheol Leas-Mhéara Fhine Gall, an Comhairleoir Robert O'Donoghue, an clár i Meitheamh 2021 ag Scoil Náisiúnta an Rois agus Ag Foghlaim Le Chéile Lusca.**

Beidh deis iontach ag leanaí i scoileanna a úsáideann na méadair bháistí seo foghlaim trí thaithí phraiticiúil ar mhonatóireacht agus tomhas a dhéanamh ar fhachtóirí athraithe aeráide.

Dúirt an Comhairleoir O'Donoghue: "Is tionscnamh iontach é seo toisc go n-úsáidfear an fhaisnéis a bhaileofar chun tuiscint níos cruinne a sholáthar ar fhreagairt abhann ar dhoimhneachtaí báistí éagsúla agus is féidir le rannáin tuile OPW, Met Éireann agus Fhine Gall í a úsáid. Níos tábhachtaí fós, cuideoidh an tionscadal le heolas na ndaltaí a chur chun cinn maidir leis na príomhdhúshláin atá roimh an tsochaí lena n-áirítear athrú aeráide agus tuilte."

Ag labhairt dó faoi thábhacht an tionscadail do leanaí, dúirt Oliver Nicholson, Ceann Hidreolaíochta in Oifig na nOibreacha Poiblí: "Foghlaimeoidh leanaí freisin conas a úsáidtear na tomhais seo chun monatóireacht a dhéanamh ar athrú aeráide, chun bearta faoisimh tuile a dhearadh, réamhaisnéisiú na haimsire agus réamhaisnéisiú tuilte."

D'áitigh Sarah Gallagher, Ceann Breathnóireachtaí ag Met Éireann, ar scoileanna a bheith páirteach sa tionscnamh tábhachtach: "Molaimid go hiomlán do scoileanna ar fud an chontae a bheith páirteach agus cuidiú le bailiú faisnéise tábhachtaí aimsire. Ní amháin go bhfuil breathnuithe aimsire ríthábhachtach maidir le cuidiú le meitéareolaithe réamhaisnéisí aimsire cruinne a tháirgeadh, soláthraíonn siad taifead stairiúil ar dhálaí aimsire a úsáideann eolaithe aeráide Met Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar athruithe in aeráid na hÉireann."

Tá an tionscadal Stáisiúin Aimsire do Scoileanna ag fáil tacaíochta ó Chiste Nuálaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh, a bhunaigh Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly.

Dúirt Ms Farrelly: "Is é seo an chéad cheann de na ceithre thionscadal a seoladh agus, chomh maith le faisnéis luachmhar a sholáthar, cuideoidh an próiseas bailithe sonraí ag múinteoirí agus daltaí le léirthuiscint ar na dúshláin maidir le timthriall uisce agus athrú aeráide atá os comhair an phobail a chur chun cinn".

Don dara céim den tionscadal, tá an Chomhairle ag lorg scoileanna ar fud na seacht dToghcheantar Áitiúla chun stáisiún aimsire uathoibríoch a óstáil, a bheidh le feiceáil ar láithreán gréasáin wow.met.ie Met Éireann agus a sholáthróidh sonraí aimsire fíor-ama. Ba chóir do scoileanna ar spéis leo stáisiún aimsire uathoibríoch a bheith suiteáilte ríomhphost a sheoladh chuig Kevin.Vallely@fingal.ie chun iarratas a dhéanamh. Dúnfaidh na hiarratais Dé hAoine, an 10 Meán Fómhair 2021.

# Leabharlanna Fhine Gall

**Athosclaíodh doirse Leabharlanna Fhine Gall don phobal an 10 Bealtaine nuair a cuireadh seirbhís teagmhála agus bailithe i bhfeidhm, rud a chuir ar chumas na mball leas a bhaint as próiseas simplí chun leabhair, DVDanna agus earraí eile a fháil ar iasacht mar aon le féinseirbhís phriontála / scanta / fótachóipeála sa bhrainse leabharlainne is gaire dóibh, ag teacht leis na treoirlínte sláinte phoiblí.**

Táthar ag leanúint leis an tseirbhís seachadta chuig daoine atá ag clutharú, chuig daoine atá gafa sa teach, chuig seirbhísí cónaithe agus chuig daoine a bhfuil fadhbanna sláinte acu. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís leabharlainne um chlutharú ag 8906719/ 8604290.
Tá fáil ag gach ball den leabharlann ar na seirbhísí ar líne, lena n-áirítear ríomhleabhair, cúrsaí foghlama ar líne, ríomhirisí, foghlaim teangacha, sruthú ceoil, nuachtáin, agus bunachair tagartha sonraí. Is furasta teacht orthu sin ar https://www.fingal.ie/council/service/fingal-library-eservices-and-eresources-online

Samhradh an-ghnóthach a bhí ann i Leabharlanna Fhine Gall. Is tionscnamh bliantúil faoin gclár Right to Read é Summer Stars. Cuireann sé litearthacht agus forbairt léitheoireachta páistí chun cinn.

Cuireadh tús le Summer Stars 2021 Dé Luain an 14 Iúil agus beidh sé ar siúl go dtí Dé Máirt an 31 Lúnasa. Díríonn an clár seo ar pháistí a spreagadh chun leanúint leis an léitheoireacht agus an nós sin a fhorbairt i rith an tsamhraidh.

Go dtí seo bhí taitneamh agus sult á mbaint ag na páistí as léirmheasanna ar leabhair a léamh agus a scríobh. Is féidir cártaí, leabharmharcanna, bileoga gníomhaíochta agus bileoga dathúcháin a fháil i bhformhór na mbrainsí leabharlainne.

Ní bhaineann iomaíocht ar bith le Summer Stars agus is amhlaidh go gcuireann gach páiste a léann fiú is leabhar/ríomhleabhar amháin an clár i gcrích – agus tá sé go hiomlán saor in aisce!
Maidir le hacmhainní ar líne, tá go leor foilseachán i mbailiúchán Summer Stars ar Borrowbox chun páistí a spreagadh chun léitheoireachta i rith an tsamhraidh. Tá Summer Stars Storytime ar fáil a bhuí le foireann na leabharlainne ar leathanaigh Facebook, Twitter, YouTube agus Instagram!

**Domhnach Bat** Baineann uaireanta oscailte níos giorra le Leabharlann Dhomhnach Bat toisc go bhfuil sí lonnaithe laistigh d'Ionad Pobail agus Fóillíochta Dhomhnach Bat agus Phort Reachrann. Luan – Aoine: 9.45am – 1.00pm & 2.00pm – 4.00pm. Dúnta ar an

**Library Opening Hours may vary -** please contact your local library to find out their opening hours.

Find phone numbers for all libraries at https://www.fingal.ie/fingallibraries

## Virtual Book Club
for Primary School ages

Chuir Leabharlanna Fhine Gall tús le tionscadal nua, Clubanna Leabhar Fíorúla do Pháistí Bunscoile, a leagadh amach chun daltaí a spreagadh chun leanúint leis an léitheoireacht i rith laethanta saoire an tsamhraidh. Is é an cuspóir aige sin bail a choinneáil ar na scileanna léitheoireachta a baineadh amach i rith na scoilbhliana agus go leor spraoi a bheith ann ar ndóigh!

Tá borradh faoi chlubanna leabhar fíorúla faoi láthair de réir mar a bhímid ag plé níos mó leis an saol ar líne, agus is amhlaidh go bhfuil flúirse deiseanna foghlama agus iontas liteartha ann sa spás digiteach sin. A bhuí le hiontais na teicneolaíochta, is féidir linn a bheith ag nascadh agus ag roinnt le chéile i bpreabadh na súl, agus tugann an t-ardán spreagúil sin deis dúinn teacht le chéile san am céanna agus sult a bhaint as an léitheoireacht!

**Imeachtaí ar líne i Leabharlanna Fhine Gall i mí Lúnasa:** Is i mBróisiúr an tSamhraidh ar féidir teacht ar Imeachtaí ar líne do Pháistí agus do Dhaoine Fásta i Leabharlanna Fhine Gall i mí Lúnasa 2021, agus is féidir ticéid a chur in áirithe ar na naisc Eventbrite.

**Tá athchóiriú ar siúl go fóill i Leabharlann Bhaile Bhlainséir**, agus tá na hoibreacha le críochnú ag deireadh mhí Lúnasa. Tá seirbhís teagmhála agus bailithe mar aon le priontáil / scanadh / fótachóipeáil ar fáil i bhforsheomra an bhrainse le linn na n-uaireanta oscailte 9.45am – 8.00pm Luan go Déardaoin agus 9.45am – 5.00pm Aoine agus Satharn.
Bíonn an Leabharlann Soghluaiste páirceáilte lasmuigh de Leabharlann Bhaile Bhlainséir le haghaidh brabhsála agus iasachtaí ó 10.00am – 5.00pm Luan – Aoine.

# An t-eolas is deireanaí ar Our Balbriggan




**Mar chuid de Straitéis & Treoir Dhearaidh Feabhsuithe na Ríochta Poiblí a fhorbairt, sheol The Paul Hogarth Company, Máistirchomhairleoir Pleanála don Tionscadal Our Balbriggan, suirbhé poiblí i mí an Mheithimh do chonaitheoirí Bhaile Brigín chun tuairimí a lorg uathu maidir le sráideanna, cearnóga agus páirceanna an bhaile atá mar chuid de tionscadail athnuachana agus an bealach go bhféadadh na spásanna seo a bheith ag teacht le chéile mar spás poiblí ar ardchaighdeán do mhuintir Bhaile Brigín. Bhí freagairt láidir ar an suirbhé, agus tháinig breis agus 1,000 freagairt isteach laistigh den tréimhse chomhairliúcháin 2 sheachtain, atá á gcur i dtoll a chéile faoi láthair.**




Bhain Our Balbriggan an dara háit amach i gcatagóir Gradam do Bhaile Uirbeach sa #DigitalTownAwards, agus bronnadh duais €5,000 ar an aighneacht, lena ndearnadh ceiliúradh ar theideal na háite mar cheantar SMART agus an aidhm a bhí leis dúshláin áitiúla a réiteach trí leas a bhaint as tionscail teicneolaíochta cliste, nuálaíocht agus comhoibriú le réimse leathan páirtithe leasmhara áitiúla.




Tugadh cuid de na smaointe iontacha a moladh trí Chiste Comhfhorbartha Áite Our Balbrigann chun críche le mí anuas, lena n-áirítear múrphictiúr Bróid le Grúpa Ealaíne Theach Solais Fhine Ghall, aonaid nua Kickstarter do na leanaí ag Cumann Uí Dhuibhir, filíocht agus cuimhní cinn an ealaíontóra Thomas Brezing agus suíocháin nua ag Millpond ó Choiste Bailte Slachtmhara Bhaile Brigín.





# Cuir fáilte roimh an Oidhreacht le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta




Féachtar leis an méid daoine agus is féidir a mhealladh chun baint a bheith acu leis an oidhreacht le linn Sheachtain Náisiúnta Oidhreachta na bliana 2021. Táimid ag iarraidh ceangal a dhéanamh le grúpaí nó le daoine aonair ina bpobal a bhféadfadh sé nach n-airíonn siad go bhfuil baint acu le hoidhreacht an cheantair agus táimid ag iarraidh léargas a fháil ar ghnéithe den oidhreacht áitiúil nach nglactar san áireamh nó nach ndéantar a chomóradh go minic. Is le gach duine an oidhreacht. Beidh réimse mór imeachtaí ar bun ar fud Fhine Gall le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta a bheidh ar siúl ó Dé Sathairn an 14 go dtí Dé Domhnaigh an 22 Lúnasa.

Mura bhfuil agat ach cúpla nóiméad is féidir leat cluas a thabhairt do cheann de na scéalta ó Oidhreacht Fhine Gall: Cainteanna dhá nóiméad. Arna chomhordú ag an Oifigeach Oidhreachta, Christine Baker, roinnfidh raon d'fhoireann Chomhairle Contae Fine Gall a mbíonn baint acu le hoidhreacht i gcaitheamh a gcuid oibre, gearrscéalta ina léirítear chomh saibhir agus chomh iléagsúil is atá oidhreacht Fhine Gall, cibé más faoin gcruthaitheacht agus oidhreacht é nó faoi chuirtíní stairiúla Theach Newbridge é. An bhfuil imní ort faoi thionchair athraithe aeráide ar ár n-oidhreacht? Is féidir leat beart dearfach a ghlacadh agus a bheith páirteach inár dtogra eolaíocht an tsaoránaigh - Oidhreacht X Aeráid.

Tá roinnt imeachtaí don tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta eagraithe ag Leabharlanna Fhine Gall do chách, idir shean agus óg, imeachtaí amhail ceardlanna beo ar líne le Fiona Fitzsimons ar thaifid teaghlaigh a chaomhnú, fíricí meidhreacha, ceardaíocht agus scéalta faoi Chloigthithe agus na Lochlannaigh sna ceardlanna Dig It Kids. Tabharfaidh an cartlannaí Karen de Lacey caint ar líne ar an stair a bhaineann le Reilig Fhionntáin agus an fhorbairt a rinneadh uirthi thar na mblianta agus déanfaidh an Dr. Maebh O'Regan oidhreacht Éireannach mhuintir Brontë a scrúdú.

Rinne grúpaí oidhreachta, lucht eagraithe, teaghlaigh agus pobail tograí a fhorbairt a bhaineann lenár n-oidhreacht thógtha, cultúir agus nádúrtha, is féidir na tograí sin a fháil ar líne agus ag imeachtaí ar féidir freastal orthu i gcásanna ar leith (agus gach réamhchúram sláinte poiblí comhlíonta). Bí i do bhleachtaire Crann ag Farmleigh; tabhair faoi shiúlóid Bhithéagsúlachta i mBinn Éadair; tabhair cuairt ar ghealltа


NORTH DUBLIN UNION

PUBLIC HEALTH (IRELAND) ACT, 1878.

ST. FINTAN'S BURIAL GROUND.

NOTICE IS HEREBY GIVEN, that the following Scale of Fees and Charges for Interments in the above Burial Ground have been approved of by the Local Government Board for Ireland :---

THE SCALE OF CHARGES are as follows, viz. :---

IN NEW GROUND.

PURCHASE OF GROUND for ever for each Grave Space, with the right only of Three Interments to each space, the Sum of - - - - - - - - £ 1 s. 0 d

BURIAL FEES (in addition to the purchase of Ground) are charged for each Interment of the body of any person who had been residing within the Electoral Division of Howth - - - 0 10



Schiff farraige Sceithrí; faigh amach faoi Rock of Ages i Loch Sionnaigh; faoi leac uaighe ón 18ú haois san Aill, faoi scéalta an Chúil Shoird nó faoin té a bhunaigh Mother's Union.

Is éard a dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, "Is iontach an t-am é an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta chun idirghníomhú le gnéithe éagsúla den Oidhreacht atá againn agus leis na himeachtaí iléagsúla iontacha atá ar fáil ar líne agus ar féidir freastal orthu anseo i bhFine Gall agus iad a cheiliúradh. Tá neart ar bun a tharraingeodh daoine nua i dtreo na hoidhreachta, na daoine a bhfuil sé i gceist ag an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta teagmháil a dhéanamh leo i mbliana."

Is éard a dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, "Ba mhaith liom comhghairdeas ó chroí a dhéanamh leis na grúpaí áitiúla agus le foireann Chomhairle Contae Fhine Gall as na tograí nuálacha seo a fhorbairt don tSeachtain Oidhreachta. Tá saibhreas ar leith oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúir i bhFine Gall ar féidir sult a bhaint aisti agus tá an Chomhairle tiomanta í a chosaint agus a chaomhnú do na glúnta atá le teacht."

'Ní hamháin go mbaineann an ceangal atá againn leis an oidhreacht le himeachtaí a tharla san am atá caite ach dá chéile freisin' a dúirt Oifigeach Oidhreachta Fhine Gall, Christine Baker 'Is iontach an deis í an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta le sult a bhaint as ár n-oidhreacht, as na háiteanna agus as na scéalta lena mbaineann tábhacht do na pobail áitiúla agus mholfainn do chách súil a chaitheamh ar an oidhreacht atá ina gceantar féin agus sult a bhaint aisti'.

Tá sonraí fógartha ag an gComhairle Oidhreachta maidir le Gradaim Sheachtain Náisiúnta Oidhreachta na bliana 2021, a thabharfaidh aitheantas do na tograí oidhreachta a chuirfear os comhair an phobail le linn Sheachtain Náisiúnta Oidhreachta na bliana seo. Tugann gradam an chontae aitheantas don togra oidhreachta is fearr i ngach contae. Beidh duais freisin ann do Laoch na hOidhreachta, daoine nua na hOidhreachta, Oidhreacht a roinnt, Oidhreacht do gach aoisghrúpa, Oidhreacht Uisce, Leanbh Fiáin. Déanfar rannpháirtí ar bith a éiríonn leo togra oidhreachta a uaslódáil ar láithreán gréasáin na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta faoi Dé Luain an 30 Lúnasa 2021 a bhreithniú do Ghradam na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta.

Tá rud éigin ar siúl le linn Sheachtain Náisiúnta Oidhreachta 2021 a fheilfidh do chách. Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le tograí agus imeachtaí a bheidh ar siúl i bhFine Gall agus níos faide ó bhaile téigh chuig Seachtain Oidhreachta i bhFine Gall agus https://www.heritageweek.ie/

# Ag ceiliúradh an dúlra agus an taobh amuigh iontach







**De deiseal ón mbarr ar chlé:**
Daffodils i gCaisleán & Demesne Ard Ghoileáin (Íde Ní Liathlin), Féileacán i nGairdín Luibh ag Ardgillan (Emma Kelly), Réimse Eorna (Frances Thompson), Ag breathnú amach ar Ireland's Eye (Jennifer O'Neill)








**De deiseal ón mbarr**
An chéad Bhus Rothaíochta i bhFine Gall ag Castleknock Educate Together NS, Seoladh tionscadail Heritage X Climate, Brat Gorm bronnta ar Velvet Strand Portmarnock, Taiscumar an Aill (Helen Doran)






# Turas Fíorúil d'Eaglais Dúiligh Seolta



**Tá an grúpa Seandálaíochta Pobail, Resurrecting Monuments, in éineacht le Friends of St Doulagh's ag obair i bpáirt le Lensman Photography chun turas fíorúil ceannródaíoch 3D a chur le chéile d'Eaglais Dúiligh,Baile Ghrífín.**

Is í Eaglais Dúiligh an séipéal is sine sa tír ar a bhfuil díon cloiche atá fós in úsáid. Tá an t-aon bhaistealann ochtagánach aonair atá fanta in Éirinn suite sa choimpléasc, í tógtha os cionn tobar beannaithe. Beidh daoine ábalta an Turas Fíorúil 3D Matterport a úsáid chun gach aon ghé den fhoirgneamh a scrúdú ar líne. Cuireann sé seo deis ar leith ar fáil chun súil ghéar a chaitheamh ar mhionghnéithe an fhoirgnimh, a chuideoidh le daoine eolas a chur ar stair an tséipéil ar a gcompord féin sa bhaile.

Rinne Cathaoirleach Resurrecting Monuments, Aidan Giblin, cur síos ar mar a fheabhsóidh an turas an teacht a bheidh ag daoine ar an gcoimpléasc: "Ní éasca an fhoirgneamh é Eaglais Dúiligh le do bhealach a dhéanamh timpeall air, seachas dóibhsean atá níos ábalta go fisiciúil. Beidh teacht níos forleithne ag an bpobal i gcoitinne ar an bhfoirgneamh tábhachtach agus spéisiúil seo mar gheall ar an Turas Fíorúil."

Dúirt sé freisin: "Tá súil againn gur tairseach a bheidh anseo, ní amháin do thurasóirí i mbun taiscéalaíochta ach do lucht léinn agus do mhic léinn chun tuilleadh taighde a dhéanamh ar stair an tsuímh agus tuilleadh a chur lenár n-eolas faoin am atá caite."

Is éard a dúirt Ken McAllister ó Friends of St Doulagh's: "Tríd an Turas Rochtana Fíorúil seo feicfidh gach duine gur séadchomhartha seandálaíochta spéisiúil é Eaglais Dúiligh lena mbaineann stair fíorspéisiúil ar fad, ach ní amháin sin, feicfidh siad gur ionad adhartha atá fós inti díreach mar a bhí i gceist nuair a bunaíodh an Eaglais nach mór 1500 bliain ó shin".

Tá réamhrá faisnéiseach agus siamsúil faoi Eaglais Dúiligh á chur i láthair ag an



Dr. Rachel Moss, Comhollamh le Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar chuid den turas.

Dá mba mhaith leat turas fíorúil 3D a dhéanamh d'Eaglais Dúiligh téigh chuighttps://resurrectingmonuments.wordpress.com/st-doulaghs-church-3d-virtual-tour/https://www.fingal.ie/digital-heritage-projects nó is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin togra arhttps://www.fingal.ie/digital-heritage-projects

# Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach tofa ag cruinniú tionscnaimh Chácas na mBan

**Reáchtáladh cruinniú tionscnaimh Chácas na mBan Chomhairle Contae Fhine Gall i dTeach an Droichid Nua inniu, an 29 Iúil 2021. Toghadh an Comhairleoir Karen Power agus an Comhairleoir Joan Hopkins mar Chathaoirleach agus mar Leaschathaoirleach faoi seach ag an gcruinniú.**

Tar éis cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcéad chruinniú, is éard a dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh faoi: "Tá méadú ag teacht ar líon na gcomhairleoirí mná agus táimid ag súil go mbeidh Cácas na mBan ina spreagadh do níos mó ban páirt a ghlacadh i saol na polaitíochta áitiúla agus seasamh i dtoghchán mar go dtéann cothromaíocht inscne agus comhionannas chun tairbhe gach duine."

Is é fís Chácas na mBan go mbainfear amach comhionannas inscne i measc chomhaltaí tofa Chomhairle Contae Fhine Gall agus i measc daoine sa dáilcheantar. Creideann sé go dtéann comhionannas inscne chun leasa gach duine. Tá sé mar aidhm ag an gCácas ocht gcruinniú a bheith acu in aghaidh na bliana.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Is iontach an rud é a bheith anseo agus na mná inspioráideacha atá ina gcomhaltaí den Chéad Chácas na mBan de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall mórthimpeall orm. Chuir sé ríméad ar Chomhairle Contae Fhine Gall bunú Chácas na mBan a éascú agus táim ag súil leis an méid a bhainfidh grúpa atá chomh spreagtha seo amach a fheiceáil."

Is é misean Chácas na mBan mná agus ionadaithe mionlaigh inscne ó gach pháirtí a thabhairt le chéile, mar aon leosan nach mbaineann le páirtí ar bith. Tá sé d'aidhm aige aird a tharraingt ar bhuntáistí na comhghleacaíochta, timpeallacht tháirgiúil rathúil a chruthú ina dtacófar le gach duine spriocanna chomhchoiteanna a bhaint amach, timpeallacht a chothú ina léireofar meas ar a chéile agus comhionannas a bhaint amach ar mhaithe le gach duine.

Tá sé i gceist ag comhaltaí an Chácais beartas agus tionscnaimh eile a fhorbairt agus a mholadh maidir le saincheisteanna a bhaineann le mná agus a dteaghlaigh chomh maith, tacú le rannpháirtíocht ban i gcúrsaí polaitíochta agus é a chur chun cinn go náisiúnta agus go háitiúil, agus clár oibre aontaithe Chácas na mBan a chur chun cinn laistigh de pháirtithe polaitíochta, obair choiste agus réimsí tionchair eile.



Dúirt an Chomhairleoir Karen Power, Céad Chathaoirleach Chácas na mBan: "Tá lúcháir orm a bheith tofa i mo Chathaoirleach agus is mór an onóir dom é a bheith mar urlabhraí an Chácais."

Is é ról Chathaoirleach Chácas na mBan ná cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe, a bheith ina urlabhraí, dul i mbun plé leis an gcomhairle ar ábhair an Chácais lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil a ullmhú, agus dul i mbun plé le heagraithe seachtracha maidir le hábhair an Chácais. Déanfar cathaoirleach nua a thoghadh gach bliain.

Dúirt an Leaschathaoirleach nuathofa ar Chácas na mBan, an Chomhairleoir Joan Hopkins: "Tá sé de phribhléid agam an ról nua corraitheach seo a ghlacadh mar Leaschathaoirleach Chácas na mBan. Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall tacaíocht a thabhairt don Chomhairleoir Karen Power lena chinntiú go mbainfear amach an méid atá beartaithe againn a bhaint amach."

Bhí áthas ar na Comhairleoirí seo a leanas a bheith i láthair ag imeacht chomh iontach sin: Pamela Conroy, Tania Doyle, Brigid Manton, Mary McCamley, Siobhan Shovlin agus Natalie Treacy. Ar an drochuair, ní raibh na Comhairleoirí seo a leanas in ann a bheith i láthair, ach chuir siad a leithscéal: Ann Graves, Breda Hanaphy, Grainne Maguire, Punam Rane agus Aoibhinn Tormey.

# Cuairteoirí Speisialta chuig an gCéad Scoil Samhraidh Sacair de chuid an FAI i mBaile an Tirialaigh



**Thug príomhchóitseálaí fhoireann sacair náisiúnta ban na hÉireann, Vera Pauw, chomh maith leis an gcóitseálaí cúlbáireachta, Jan Williem van Ede, cuairt ar an gcéad Scoil Samhraidh Sacair de chuid an FAI a cuireadh ar siúl i mBaile an Tirialaigh ar an 3 Lúnasa. Labhraíodar leis na leanaí a bhí páirteach, thugadar roinnt comhairle dóibh agus rinneadar roinnt cóitseála leo chomh maith. Táthar ag súil go dtabharfaidh a gcuairt spreagadh do na leanaí leanúint orthu ag imirt sacair agus ballraíocht a ghlacadh in Acadamh FC Bhaile an Tirialaigh atá le tosú i Meán Fómhair.**

Reáchtáladh an Scoil Samhraidh Sacair ar pháirc uile-aimsire Bhaile an Tirialaigh agus bhí tuairim is 90 leanbh páirteach i ngníomhaíochtaí a bhí á gcur ar fáil ag cóitseálaithe cáilithe an FAI. Is é seo an chéad champa riamh a reáchtáil an FAI sa cheantar agus rinne Oifigeach Forbartha Sacair an FAI agus Chomhairle Contae Fhine Gall, Jamie Wilson, agus Príomhchóitseálaí, Sean Fogarty, maoirseacht air.



Ba é buaicphointe na seachtaine nuair a thug an bheirt chóitseálaithe ón Ísiltír, Vera Pauw agus Jan Willem van Ede, a bhfuil baint acu beirt le foireann náisiúnta ban na hÉireann anois, cuairt ar an gcampa. Ghlac an bheirt páirt i gcuid de na seisiúin, thugadar léiriú breá ar an gcumas sacair atá iontu agus rinneadar neart cainte leis na leanaí a bhí páirteach. Ba iontach an deis a bhí ann do leanaí an cheantair a ghlac go fonnmhar leis an deis idirghníomhú le beirt chóitseálaithe idirnáisiúnta dá leithéid. Bhí Méara Fhine Gall agus Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail Chomhairle Contae Fine Gall, Liam Burke, ina dteannta ar an lá.

Is éard a dúirt Méara Fhine Gall, Seána Ó Rodaigh: "Is mór an inspioráid iad Vera agus Jan don ghlúin níos óige. Thug go raibh siad i láthair ag an gCampa Sacair i mBaile an Tirialaigh le fios do na leanaí gurb iad na leanaí féin a mhúnlóidh an todhchaí. Ba mhór an lúcháir a chuir sé orm an idirghníomhaíocht agus an t-ómós a bhí idir na cóitseálaithe Náisiúnta agus na leanaí a fheiceáil."

Bhí ríméad ar Oifigeach Forbartha Sacair an FAI/ Chomhairle Contae Fhine Gall gur tháinig Vera agus Jan ar cuairt chuig an Scoil Samhraidh Sacair agus dúirt: "Is iontach an rud é do na leanaí agus do na cóitseálaithe daoine mar Vera agus Jan a fheiceáil ag teacht chomh fada le Baile an Tirialaigh. Tá na mílte leanaí sa cheantar agus tá faillí cheart déanta ar an sacar le blianta beaga anuas. Ó tharla go bhfuil na scoileanna samhraidh sacair seo beartaithe don am atá le teacht, go bhfuil an club ag tosú arís agus go bhfuil go leor imeachtaí



eile beartaithe, beidh teacht níos fearr ag leanaí i ngach aoisghrúpa, buachaillí agus cailíní araon, ar shacar. Tá súil againn go bhfaighidh na leanaí spreagadh ó chuairt Vera agus Jan tabhairt faoi shacar agus

**CONTINUED...**

an spórt a imirt níos minice."

Is éard a dúirt Niall McGuirk, Príomhoifigeach Gníomhach Spóirt do Chomhairle Contae Fhine Gall: "Ba mhór an pléisiúr é Vera agus Jan a bheith i láthair ag an scoil sacair. Thaispeáin siad cleasaíocht iontach do na leanaí agus bhíodar sáite ceart sa traenáil. Is é seo an chéad champa samhraidh sacair de chuid an FAI sa cheantar mar sin tá an-áthas orainn go raibh Vera agus Jan ábalta a bheith linn agus spreagadh a thabhairt do na leanaí coinneáil leis an spórt. Tá súil againn go dtabharfaidh sé ugach do leanaí páirt a ghlacadh san acadamh a bheidh ag tosú sna míonna amach romhainn."

Tosóidh Acadamh FC Bhaile an Tirialaigh Dé Domhnaigh, an 12 Meán Fómhair do leanaí idir 6 agus 12. Má tá spéis agat páirt a ghlacadh ann déan teagmháil le Jamie Wilson ag Jamie.wilson@fai.ie.

# Fás ag teacht i gcónaí ar chruicéad i bhFine Gall mar gheall ar an gcomhpháirtíocht le Cricket Leinster

**B'uaillmhian fhadtéarmach le fada ag Cricket Leinster a chlár cuairteanna scoile a leathnú i bhFine Gall. A bhuíochas leis an tacaíocht airgeadais ó Chomhairle Contae Fhine Gall, d'éirigh leo an aidhm sin a bhaint amach. Is cóitseálaithe pobail iad Killian Molloy, Lara Maritz agus Mitchell Thompson anois i scoileanna ar fud Fhine Gall.**

Tá Comhairle Contae Fhine Gall agus Cricket Leinster bródúil as clár leathnaithe gníomhaíochtaí cruicéid laistigh den scoil a chur ar fáil i mbliana. In ainneoin na ndúshlán a chruthaigh Covid-19, d'éirigh thar barr leis an gclár cruicéid.

Chuir an maoiniú ar chumas an Chóitseálaí Pobail, Killian, traenáil a chur ar fáil do na céadta páistí ar fud na tíre. Chuir Killian seisiúin ar fáil ag roinnt scoileanna lena n-áirítear Scoil Náisiúnta Lusca, Scoil Náisiúnta an Teaghlaigh Naofa Lusca, agus Mary Mother of Hope SNS An Bealach Beag.

Rinne David O'Donnell, as Scoil Náisiúnta Lusca, achoimre ar an gcaoi ar chuidigh an chomhpháirtíocht speisialta le páistí agus leis an scoil naisc níos láidre a chruthú leis an bpobal: "Mar scoil, bhíomar thar a bheith sásta leis an gcaoi ar chomhlánaigh agus ar fheabhsaigh an clár ár bplean Corpoideachais, agus úsáideadh go leor de chodanna na n-aonad agus bunscileanna gluaiseachta le chéile. Bhíomar sásta freisin gur forbraíodh naisc phobail le clubanna sa cheantar".

Dúirt Michelle Heaney, múinteoir ó Mary Mother of Hope SNS sa Bhealach Beag, gur eispéireas luachmhar dearfach í an traenáil a fuair a gcuid daltaí: "Ba eispéireas an-dearfach í traenáil Cricket Leinster inár scoil. Bíonn na cóitseálaithe i gcónaí dearfach, díograiseach agus eolach ar an spórt agus cabhraíonn siad go mór leis na páistí ag gach seisiún. Bíonn na páistí ag tnúth leis an seisiún cruicéid gach seachtain".

Is léir ón aiseolas agus ón rannpháirtíocht i measc scoileanna i bhFine Gall, gur chóir do Cricket Leinster filleadh i mí Mheán Fómhair chun freastal ar riachtanais agus ar an éileamh ar chóitseáil cruicéid sna scoileanna.

Seo mar a labhair Brian O'Rourke, Bainisteoir Forbartha Cruicéid, Cricket Leinster & Comhairle Contae Fhine Gall: "Fanann sé i bhFine Gall, cibé áit a bhfuil fonn ar dhaoine cruicéad a imirt, cuirfimid an cluiche ar fáil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, ní hamháin leis na scoileanna a ghlac páirt, ach le sár-iarrachtaí Killian, Lara, agus Mitchell agus iad ag déanamh ionadaíochta ar chomhpháirtíocht speisialta Chomhairle Contae Fhine Gall agus Cricket Leinster i rith an téarma scoile, i dtréimhse an-dúshlánach le Covid ".

# Athbhreithniú á dhéanamh ar níos mó ná 1,000 aighneacht maidir le Glasbhealach Uirbeach na Canálach Ríoga



**Fuair Comhairle Contae Fhine Gall níos mó ná 1,000 aighneacht ó bhaill an phobail maidir leis an mbealach atá beartaithe do Ghlasbhealach Uirbeach na Canálach Ríoga. Tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán poiblí, a mhair 6 seachtaine, ar an mbealach Dé Céadaoin 7 Iúil.**

Beidh Glasbhealach Uirbeach na Canálach Ríoga ina bhealach do choisithe agus do rothaithe feadh chosán tarraingthe na Canálach Ríoga. Feidhmeoidh an bealach ó Chaisleán Cnucha, ar aghaidh trí Bhaile Bhlainséir, Cúil Mhín, Cluain Saileach agus Páirc Hans, go teorainn Chontae Chill Dara le Fine Gall. Cuirfidh an scéim chiniúnach seo bonneagar féarbhealaigh ar fáil a bhfuil tábhacht náisiúnta leis agus is iad Comhairle Contae Fhine Gall i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Uiscebhealaí Éireann a chuirfidh an scéim ar fáil.

Ag labhairt di faoin nGlasbhealach, dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá an cumas ag Glasbhealach Uirbeach na Canálach Ríoga nascacht a chur chun cinn idir roinnt pobail atá ag fás i mBaile Átha Cliath 15, agus a nasc le mórcheantar Bhaile Átha Cliath a fheabhsú. Is gné thábhachtach í an tionscadal seo den Bhonneagar Taistil Ghníomhach agus Glasbhealaigh atá á chur ar bun againn chun áiteanna iontacha a chruthú le cónaí iontu, le hobair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu ar fud Fhine Gall ".

Chun deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt ar an mbealach, rinneadh comhairliúchán poiblí neamhreachtúil ar líne ar feadh sé seachtaine ón 25 Bealtaine go dtí an 7 Iúil. Tá Comhairle Contae Fhine Gall anois ag tabhairt faoi athbhreithnithe, ag modhnú agus ag foilsiú gach aighneacht ar ár dtairseach comhairliúcháin. Baineann modhnóireacht le sonraí pearsanta a eagrú sula bhfoilseofar iad. Mar gheall ar an leibhéal ard rannpháirtíocht phoiblí, agus níos mó ná 1,000 aighneacht, táthar ag súil go dtógfaidh an próiseas seo roinnt seachtainí. Foilsítear aighneachtaí de réir mar a dhéantar iad tríd an bpróiseas athbhreithnithe agus is féidir iad a léamh ag Consult.fingal.ie.

Maidir leis an gcomhairliúchán, dúirt an Príomhfheidhmeannach AnnMarie Farrelly: "Glacaimid go dáiríre le comhairliúchán poiblí agus measaimid gur deis luachmhar agus thábhachtach atá ann chun riachtanais na ndaoine agus an timpeallacht ina maireann siad a thuiscint. Tá sé de chumas

ag Glasbhealach Uirbeach na Canálach Ríoga nascacht a chur chun cinn idir roinnt pobail atá ag fás i mBaile Átha Cliath 15, agus a nasc le mórcheantar Bhaile Átha Cliath a fheabhsú".
Fo-cheannteideal: Na Chéad Chéimeanna Eile
Breithneoidh an fhoireann deartha gach aighneacht a fhaightear agus déanfaidh siad measúnú ar an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna éagsúla a luaitear. Cuimseoidh an próiseas sin plé le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear úinéirí talún, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Uiscebhealaí Éireann agus Iarnród na hÉireann.

Déanfaidh foireann an tionscadail athbhreithniú ar an aiseolas ar fad ón bpobal agus cuirfidh siad pleananna ar aghaidh chuig Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) agus Measúnacht Chuí (AA).

Rachaidh an scéim ar aghaidh chuig an bPróiseas Pleanála Reachtúil ina dhiaidh sin. Measann Comhairle Contae Fhine Gall gur dóigh go gcuirfear iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird Phleanála faoi R4 2021.
royalcanalurbangreenway.



# Irish Language Scheme 2021 - 2024

**Dheimhnigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Ceathrú Scéim Teanga Chomhairle Contae Fhine Gall a thosaigh ar 11 Bealtaine 2021 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.**
**Íoslódáil anseo: https://www.fingal.ie/ga/council/service/sceim-teanga-2021-2024**

Má tá tú ag iarraidh seirbhís trí Ghaeilge trí ríomhphost, téigh i dteagmháil le eolas@fingal.ie

Is féidir teanga aon leathanaigh a athrú go Gaeilge ar www.fingal.ie agus tá teacht ar an leagan Gaeilge ar www.fingal.ie/ga
Leanann Comhairle Contae Fhine Gall leis an Scéim Teanga a chur i bhfeidhm mar aon le comhlíontacht i leith na reachtaíochta a bhaineann leis an nGaeilge. Tá leagan Gaeilge ag an suíomh gréasáin fingal.ie. Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne roghnaithe trí chúrsaí ar líne.

Cuirtear foirmeacha agus foilseacháin ar fáil i nGaeilge, iris Nuacht Fhine Gall san áireamh. Cuirtear an teanga chun cinn laistigh den Chomhairle agus den Chontae, agus de gnáth bíonn imeachtaí i leabharlanna agus i Halla an Chontae, le linn Covid-19 forbraíodh clár do Sheachtain na Gaeilge agus cuireadh an teanga chun cinn ag imeachtaí eile ar líne. Cuirtear an Teanga chun cinn ar na Meáin Shóisialta freisin.

# Conair Shiúil Ghleann na Life



Caisleán Bhaile Lotrail – aon stop amháin ar Chonair Shiúil Ghleann na Life

**Tá sé i gceist le Conair Shiúil Ghleann na Life a shíneann ó Farmleigh i bPáirc an Fhionnuisce trí shráidbhailte Chaisleán Cnucha, Cluain Saileach, Baile Bhlainséir agus Mullach Eadrad, cuairteanna chuig ceantar Bhaile Átha Cliath 15 a chur chun cinn do chuairteoirí áitiúla agus do chuairteoirí intíre araon. Dírítear sa chonair shiúil ar 29 áit inspéise agus ar éagsúlacht shaibhir láithreáin staire, caisleáin agus gairdíní, nithe tarraingteacha don chuairteoir, siopadóireacht agus go leor gníomhaíochtaí áineasa ar féidir taitneamh a bhaint astu i mBaile Átha Cliath 15.**

Tá trí uiscebhealach sa cheantar, an Tulcha, an Chanáil Ríoga agus an Life atá suite go haoibhinn idir cnoic chrochta ar a bhfuil dlúthchoillte timpeall na Ceapóga Sú Talún, a bhfuil a gcáil i bhfad agus i ngearr.

Cuimsíonn gnéithe d'oidhreacht shaibhir agus stair fhada an cheantair seo sna foirgnimh, séipéil, caisleáin, tithe móra agus láithreáin seandálaíochta atá suite sa cheantar. Áirítear orthu sin Caisleán Bhaile Lotrail agus Teach Farmleigh a bhí faoi úinéireacht Theaghlach Guinness ar feadh na nglúnta, agus tá Muilte Shackleton in aice láimhe, a bhí faoi úinéireacht theaghlach Ernest Shackleton uair amháin, an Taiscéalaí Antartach cáiliúil. Tá garraí daingean fíor-álainn ag Muilte Shackleton atá le hoscailt do chuairteoirí níos deireanaí an bhliain seo.


Is í Oifig Forbartha Turasóireachta Fhine Gall a rinne forbairt ar an gconair shiúil i gcomhar leis na comhairleoirí áitiúla, an Comhairleoir Howard Mahony, an Comhairleoir Siobhán Shovlin agus an Seanadóir Emer Currie.

Dúirt an Comhairleoir Siobhán Shovlin, tar éis don chonair shiúil a bheith foilsithe: "Mar Chomhalta den Choiste um Beartais Straitéiseacha Fiontraíochta, Geilleagracha agus Forbairt Turasóireachta Chomhairle Chontae Fhine Gall, bhí sé iontach oibriú ar an tionscadal seo le mo chomhghleacaithe, taispeánfar sa tionscadal an iliomad taitneamhachtaí agus nithe is díol spéise atá againn i mBaile Átha Cliath 15. Tá súil agam go gcuirfidh an tionscadal seo tús le feachtas iontach chun ár gceantar a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta, ceantar ina bhfuil an oiread sin le déanamh ann.

Le gairid tá meas agus tuiscint níos fearr againn ar ár bpobal áitiúil agus cuirfidh sé seo an deis ar fáil do thurasóirí áitiúla agus do dhaoine níos faide ó bhaile a bheith rannpháirteach agus sásamh a bhaint as na sainchomharthaí atá ar leac an dorais againn anseo i mBaile Átha Cliath 15 agus cuideoidh le gnólachtaí áitiúla freisin."

Dúirt an Comhairleoir Mahony "fáiltím roimh an tionscnamh spreagúil seo ó Thurasóireacht Fhine Gall. Tugann sé deis don turasóir blaiseadh a fháil maidir leis an méid atá á thairiscint ag Gleann na Life ó chiúnas agus aoibhneas na gCeapóg Sú Talún go stair, amharclann, siopadóireacht, scoth an bhia, agus rogha galfchúrsaí agus iad sin go léir laistigh de fiche nóiméad ó lár na cathrach."

Tá Conair Shiúil Ghleann na Life ar fáil lena íoslódáil ag https://www.fingal.ie/directory/liffey-valley-trail



# Súgartha Comharsanachta i gCaisleán Cnucha



**Tá suirbhé seolta ag Comhairle Contae Fhine Gall maidir le suíomh an limistéir súgartha comharsanachta atá beartaithe i gCaisleán Cnucha. Cuirfidh an suirbhé deis ar fáil, do gach páirtí leasmhar sa cheantar, staidéar a dhéanamh ar an gcúig shuíomh atá beartaithe don limistéar súgartha, an suíomh a mheasann siadsan a bheith ar an gceann is oiriúnaí a chur in iúl agus aon aiseolas a bheadh acu a thabhairt.**

Tá suirbhéireacht déanta ag Roinn na nOibríochtaí D15 ar na limistéir oscailte laistigh de Cheantar Chaisleán Cnucha chun limistéir a aithint a bheadh oiriúnach do limistéar súgartha. Rinneadh é sin i ndiaidh do chónaitheoirí achainí a chur ar aghaidh chuig Coiste Cheantar Bhaile Bhlainséir-Mhullach Eadrad/Chaisleán Cnucha/Ongar agus do Chomhairleoirí rún a chur faoi bhráid an Choiste. Áiríodh ar na gnéithe:

- Méid an limistéir oscailte
- Déimeagrafaigh áitiúla
- Áiseanna páirceála
- Cóngaracht do na moil iompair
- Áiseanna pobail
- Topagrafaíocht
- Cóngaracht do Chónaitheoirí
- Deiseanna d'Fhaireachas Éighníomhach

D'aithin an taighde a rinneadar cúig shuíomh ina bhféadfaí an limistéar súgartha a lonnú sa cheantar; Faiche Lóiste an Labhrais, Trasna ó Ionad Pobail Chaisleán Cnucha, Trasna ó Fhaiche na Darach, Trasna ó Ascaill an tSeiceamair, Cóngarach do Bhóthar Chaisleán Cnucha agus Páirc na Coille.

D'fhonn cur leis an taighde sin, is mian le Comhairle Chontae Fhine Gall aiseolas a bhailiú ó chónaitheoirí i gCaisleán Cnucha agus daoine a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as an taitneamhacht seo. Tabharfaidh an suirbhé seo deis do chónaitheoirí a dtuairim a thabhairt ar an gcúig shuíomh agus déanfaidh an Comhairle na tuairimí sin a bhreithniú.

Nuair a bheidh an taighde sin tugtha chun críche, cuirfidh Rannóg na n-Oibríochtaí i gComhairle Chontae Fhine Gall torthaí an tsuirbhé sin chomh maith leis an 5 shuíomh atá beartaithe ar aghaidh chuig an Roinn um Pleanáil agus Infrastruchtúr Straitéiseach lena mbreithniú. Beidh comhairliúchán poiblí reachtúil ann ag an bpointe sin agus tabharfar cuireadh do mhuintir an phobail agus do ghrúpaí leasmhara áitiúla páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin. Táthar ag súil go dtógfaidh sé ar a laghad 18 mí go mbainfear comhairliúchán foirmiúil amach maidir leis an tionscadal.

Is éard a dúirt Stiúrthóir Feidhmiúcháin Páirceanna Chomhairle Contae Fhine Gall, Oliver Hoey, faoin tionscadal: "Níl an tionscadal seo ach ina thús i láthair na huaire. Táimid ag tabhairt cuireadh do chónaitheoirí i gCaisleán Cnucha an suirbhé seo a chomhlánú ionas go dtuigfimid na riachtanais atá acu agus na roghanna ab fhearr leo do limistéar súgartha sa cheantar. Cuirfimid a gcuid aiseolais san áireamh sula dtugtar an tionscadal seo chun cinn a thuilleadh. Mholfaimis do gach duine sa cheantar páirt a ghlacadh sa suirbhé ionas go mbeidh tuairim níos fearr againn maidir lena bhfuil uathu agus a dteastaíonn uathu. Ba mhaith linn a chur i gcuimhne do chách go dtógfaidh sé cúpla bliain sula mbainfear seo amach ach is céim thábhachtach í seo sa phróiseas".

Is féidir suirbhé maidir leis an limistéar súgartha atá beartaithe a fháil ar láithreán gréasáin Thairseach Comhairliúcháin Fhine Gall ar https://consult.fingal.ie/en/content/proposals-playground-castleknock-online-public-engagement-0. Gheobhaidh cónaitheoirí i gceantar Chaisleán Cnucha an suirbhé sa phost freisin an tseachtain seo chugainn. Is féidir foirmeacha poist a sheoladh ar ais chuig: Roinn na nOibríochtaí, Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile an Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 Níor chóir do rannpháirtithe ach suirbhé amháin a chomhlánú an duine, ag úsáid an fhoirm poist NÓ an fhoirm ar líne. Beifear ábalta an suirbhé a chur ar aghaidh ón 17 Lúnasa go dtí 23.59 a chlog an 6 Meán Fómhair 2021.

Tá go leor eolais ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall maidir leis an moladh limistéar súgartha a chur ar fáil do leanaí i gCeantar Chaisleán Cnucha. Dá mba mhaith leat eolas a fháil faoin gcúig shuíomh atá beartaithe don taitneamhacht seo agus súil a chaitheamh ar an amlíne don tionscadal atá beartaithe téigh chuig www.fingal.ie/castleknockplay.

# Imeachtaí Faoi Dhíon a Thabhairt Amach Faoin Spéir



**Tacaíonn Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall, i gcomhpháirtíocht lenár n-ionaid Pobail ar fud Fhine Gall, le rannpháirtíocht, ionchuimsiú, sláinte agus folláine pobail. Le linn phaindéim Covid 19, de réir treoirlínte rialtais agus na srianta hibride, leanamar orainn ag obair chun cláir a chur ar fáil.**

D'fhonn leanúint de thacaíocht a chur ar fáil d'ionaid pobail ar fud Fhine Gall chuir an Chomhairle maoiniú ar fáil do roinnt ionad pobail le gaiséabónna a cheannach le cur taobh amuigh, ionas go mbeadh siad ábalta oscailt arís go sábháilte mar spás faoin spéir do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí pobail.

Chuidigh na gaiséabónna sin leis na hionaid pobail dul i mbun gníomhaíochta arís agus imeachtaí a dhéanfaí de ghnáth faoi dhíon a thabhairt amach faoin spéir. Bhí na hionaid pobail ábalta roinnt tionscadal a reáchtáil don samhraidh ar fud cheantar Fhine Gall a bhuíochas sin do na gaiséabónna agus chuir siad áit faoin spéir ar fáil chun go mbeadh grúpaí pobail eile ábalta teacht le chéile. Bhain ionaid pobail ar fud Bhaile Átha Cliath 15 úsáid astu freisin chun laethanta fáiltithe a óstáil faoin spéir chun spéis an phobail a mhúscailt arís agus ardán a thabhairt don raon leathan gníomhaíochtaí a bheidh ar fáil sna hionaid chomh luath agus a bheidh deireadh le srianta.

Chuir Ionad Pobail Mhullach Eadrad, i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall, fáilte roimh an bpobal chuig ócáid fáiltithe faoin spéir Dé Céadaoin an 4 Lúnasa 2021. Chuir grúpaí Pobail, soláthróirí seirbhísí agus an Pobal Áitiúil an-fháilte roimh na hócáide.

Óstáladh taispeántas togra grianghrafadóireachta pobail, togra a reáchtáladh i mbliana i gcomhar le hIonad Pobail Mhullach Eadrad, Comhairle Contae Fhine Gall agus Mullach Eadrad Sláintiúil. Bhí Oifig Pobail Fhine Gall, Empower, Foróige, Kidzone, An tIonad do Mhaireachtáil go Neamhspleách agus roinnt grúpaí pobail eile i láthair. D'éirigh thar cionn leis an ócáid fáiltithe faoin spéir seo ag Ionad

Pobail Mhullach Eadrad chun ardán a thabhairt do na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ann do phobail agus do ghrúpaí. Bhí comhráití ag daoine fad a d'ól siad cupán tae agus caife, thug Fine Gall Sláintiúil féiríní amach i bhfoirm pacáistí, agus reáchtáil club pinsinéirí Mhullach Eadrad a chéad chruinniú ó thosaigh paindéim COVID le linn na hócáide fáiltithe seo.

Ar an dóigh chéanna, d'óstáil Mol Óige agus Spóirt Radharc an Chnocáin - Fortlawn móraonach rannpháirtíochta Pobail ar an 12 Lúnasa 2021 ón 5pm go dtí an 7pm. Tugadh ardán ag an imeacht faoin spéir seo don réimse grúpaí pobail, tacaíochtaí agus seirbhísí atá ar fáil, lena n-áirítear Oifig Chomhairle Contae Fhine Gall, Empower, Hope Childcare, Club Cniotála na mBan, Savage Martial Arts agus Cumann Haca Flying Ducks. Chomh maith leis sin, bhí Cumann Peile Radharc an Chnocáin faoi lán seoil lena sraithchomórtais bheaga, a thug beocht iontach don imeacht. Rinne an cumann Champion Taekwondo taispeántas iontach dá scileanna a chur i láthair na ndaoine a bhí ann agus chuir siad na coirn agus na héachtaí ar fad atá bainte amach acu os comhair an phobail. Bhain gach a raibh i láthair an-sult as an imeacht agus tá pobal Radharc an Chnocáin ag súil leis an lá go n-osclóidh an t-ionad arís.

I bpáirt agus i gcomhar le hIonaid Pobail táimid ag súil leis an lá a mbeimid ábalta fáilte ar ais a chur romhaibh.



# Seo Chugaibh Cúigear Oilimpeach Fhine Gall

Rinne cúigear lúthchleasaithe ardchumasacha ionadaíocht ar Fhine Gall os comhair an domhain mhóir ag na Cluichí Oilimpeacha i dTóiceo le déanaí. Thugadar faoi Sheoltóireacht, Lúthchleasaíocht, Rugbaí Seachtar an Taobh agus Haca. Is léir, a bhuíochas sin dá n-éachtaí, gur féidir do bhealach a dhéanamh chuig na Cluichí Oilimpeacha as Fine Gall agus ba cheart dóibh a bheith iontach mórtasach as na héachtaí sin.

Bhí Sean Waddilove ó Chlub Seoltóireachta Sceithrí, agus a leathbhádóir, Robert Dickson, ó Chlub Luamhaireachta Bhinn Éadair, i mbun seoltóireachta thar ceann na hÉireann ag na Cluichí Oilimpeacha i dTóiceo. Cé gur thugadar leo an rás deiridh sa tsraith 49er, ní raibh a ndóthain déanta ag na seoltóirí chun áit a bhaint amach i rás na mbonn. Sa 13ú háit a chríochnaíodar ag deireadh an lae agus tá siad ag súil go mór leis na Cluichí i bPáras i gceann trí bliana.

D'éirigh leis an reathaí 1500m Andrew Coscoran ina rás cáilithe chun an rás leathcheannais a bhaint amach, inar tháinig sé sa 10ú háit. 3:35:84 an t-am a bhí aige sa rás, nach raibh ach 0.18 níos moille ná a sháriarracht phearsanta. Cé nár éirigh leis an rás ceannais a bhaint amach, bhí an-Chluichí Oilimpeacha ag an reathaí, an chéad uair aige páirt a ghlacadh sna hOilimpeacha.

Bhí Hugo Lennox, ball de Chlub Rugbaí Sceithrí, ag imirt ar fhoireann Rugbaí Seachtar an Taobh na hÉireann i dTóiceo. Is ar éigean é, ach níor éirigh leo áit a bhaint amach sna cluichí ceathrú ceannais. Ba éacht ann féin é don fhoireann áit a bhaint amach sna Cluichí Oilimpeacha agus tá siad buíoch go rabhadar ann agus ba mhór an onóir dóibh é.
Is í Sarah Hawkshaw, as Caisleán Cnucha an cúigiú duine as Fine Gall a ghlac páirt sna Cluichí Oilimpeacha thar ceann Fhoireann na hÉireann. Bhí an t-imreoir haca ó Chlub Spóirt Railway Union ar fhoireann Haca na hÉireann. Bhí tús maith ag na mná nuair bhuaigh siad a gcéad chluiche, 2-0, in aghaidh fhoireann na hAfraice Theas ach, faraor, níor éirigh leo áit a bhaint amach sna cluichí ceathrú ceannais mar go bhfuair foireann na Breataine Móire an ceann is fearr orthu sa chluiche deiridh a bhí eatarthu i nGrúpa A, 2-0 an scór deiridh a bhí ar an gcluiche sin. Tá sé i gceist ag an bhfoireann filleadh ar na chéad Chluichí Oilimpeacha eile i bPáras agus éacht níos fearr a bhaint amach.




Roimh na Cluichí, ghuigh Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, gach uile rath ar na hOilimpigh: "Ba mhaith liom gach uile rath a ghuí ar an ngrúpa ardchúmasach seo sna Cluichí Oilimpeacha thar ceann gach uile dhuine i bhFine Gall. Tá luach a sochair a fháil anois acu as a ndúthracht agus as an obair chrua atá déanta acu le blianta fada agus ba chóir go mbeidís bródúil as an méid atá bainte amach acu."

Ghuigh Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, gach rath ar na rannpháirtithe freisin roimh na Cluichí: "Go n-éirí go geal leosan ar fad atá ag glacadh páirt i gCluichí Oilimpeacha 2021 thar ceann na hÉireann. Táimid fíorbhródúil as rannpháirtithe Fhine Gall, a bhfuil blianta fada caite acu ag traenáil go tréan chun a n-áit a bhaint amach. Is mór an inspioráid iad do go leor daoine.

"Is mór an tábhacht a bhaineann le spórt don obair a dhéanann Comhairle Contae Fhine Gall chun pobail a neartú agus is iontach an obair atá déanta ag Oifig Spóirt na Comhairle le 20 bliain anuas chun rannpháirtíocht a chur chun cinn. Is iontach na heiseamláirí iad cúigear Oilimpeach Fhine Gall agus is léir, a bhuíochas sin dá n-éachtaí, gur féidir do bhealach a dhéanamh chuig na Cluichí Oilimpeacha as Fine Gall.

Idir an dá linn, bhí rath iontach ar Fhoireann na hÉireann ar an iomlán. D'éirigh leis an mbeirt as an Sciobairín, Paul O'Donovan agus Fintan McCarthy, bonn óir Oilimpeach a bhaint amach d'Éirinn san iomramh. Bhuaigh Kellie Harrington í féin bonn óir, an tríú dornálaí Éireannach a bhfuil Bonn Óir buaite aici sna Cluichí Oilimpeacha, ba é Michael Carruth a bhuaigh an chéad bhonn óir in 1992 agus ba í Katie Taylor a bhuaigh an dara bonn óir i Londain in 2012. Bhuaigh Foireann na hÉireann boinn chré-umha chomh maith, a bhuíochas sin don cheathrar iomróirí Aifric Keogh, Eimear Lambe, Fiona Murtagh agus Emily Hegarty chomh maith leis an dornálaí Aidan Walsh.

Beidh beirt lúthchleasaithe as Fingal mar chuid d'Fhoireann Éireann ag Toyko Paralympics ón 24 Lúnasa go dtí an 5 Meán Fómhair. Beidh Orla Comerford as Howth san iomaíocht sa 100m (T13) agus rachaidh Greta Streimikyte as Sord sa 1,500m (T13).

# Tá Imeachtaí Beo ar ais arís an samhradh seo in Ionad Ealaíon Séamus Ennis!

**Tá siamsaíocht ar ais arís san Aill, áit a mbeidh sraith ceolchoirmeacha agus taibhithe beo ar siúl i nGairdín an Phíobaire ag Ionad Ealaíon Séamus Ennis. Ba chúis ríméid don ionad fáilte a chur ar ais roimh lucht féachana chuig 'LOL in Naul', an chéad oíche shiamsaíochta ghrinn faoin aer a reáchtáladh an 23 Iúil agus arbh é Ardal O'Hanlon as Father Ted an príomhoirfideach, á chur i láthair ag Gearóid Farrell agus ina raibh na fuirseoirí Barry Murphy agus Julie Jay, páirteach freisin.**

Díoladh na ticéid ar fad don imeacht agus mhol lucht freastail é a d'fhéad oíche shiamsaíochta a chaitheamh in áit taobh amuigh a bhí sábháilte agus raibh foscadh acu agus ina raibh na suíocháin ar fad coinnithe óna chéile.

Bhí dhá oíche mhór cheoil bheo eile ar siúl freisin le déanaí agus ar díoladh na ticéid ar fad ina leith. Ba iad na hoirfidigh a bhí i gceist Aoife Scott an 13 Lúnasa agus Mick Flannery agus a bhanna an 14 Lúnasa.
An bhfuil suim agat i siamsaíocht bheo faoin aer? Is féidir ticéid a fháil do sheó Lisa Canny an 27 Lúnasa agus Mick Flannery an 28 Lúnasa ag tseac.ie


Dom Martin - ticéid ar fáil anois


Mick Flannery & Band







Aoife Scott



# Tús curtha le hObair Chaomhnaithe ar Bhalla an Eastáit ag Teach agus Diméin an Droichid Nua

**Tá an obair chaomhnaithe, atá beartaithe le tamall maith agus a áirítear i bPlean Caipitil Fhine Gall, de dhíth mar go bhfuil droch-chaoi ar chuid de bhalla an eastáit. Áireofar an chóipeáil spalla a atógáil ar an obair dheisiúcháin. Cuireadh cóta de rindreáil aoil, sliogán agus cloch ar an mballa chun é a chosaint ón aimsir ach tá sé sin creimithe anois de bharr go ndeachaigh an bháisteach isteach faoin rindreáil sin, rud a d'ídigh é thar na mblianta.**


Capáil dhamáistithe & clocha scaoilte

Bhí damáiste freisin déanta don bhalla de bharr chrainn a leagadh agus a thit sa mhullach air, mar sin, beidh gá na codanna sin den bhalla a atógáil.

Tógadh an balla ag an Droichead Nua le cloch agus le pointeáil aoil de réir an traidisiúin agus tá fianaise ann go bhféadfadh sé go raibh an balla clúdaithe le cóta tanaí de rindreáil aoil, sliogán agus cloch chun an balla a chosaint ón aimsir. Tá an cóta a bhí ar an mballa ídithe leis na céadta bliain agus tá sé tite ó chéile den chuid is mó agus an chloch fágtha gan aon chosaint.

Tugadh faoi obair anailíse agus suirbhéireachta, lena n-áirítear anailís ar an moirtéal, sular cuireadh tús leis an obair agus fuarthas go raibh cuid den rindreáil aoil, sliogán agus cloch fós ann, a thugann le fios go raibh an chuid seo den bhalla clúdaithe le cóta tanaí de rindreáil.

Tá bailchríoch dá leithéid ar bhallaí na gclós in aice leis an bpríomhtheach, rindreáil a bhfuil dath an ghainimh uirthi agus tá na clocha beaga agus na sliogáin le feiceáil ar dhromchla na mballaí agus iad gan cosaint ó thionchar na haimsire.

Is éard a dúirt Ailtire an Chontae, Fionnuala May: "Tá sé i gceist againn obair chaomhnaithe a dhéanamh ar an mballa ar fad, mar sin, ós rud é gurb í seo an chéad chéim, beidh an fhoireann chaomhnaithe ag obair leis an gconraitheoir chun an meascán ceart d'ábhar cuí a fháil a éireoidh níos séimhe ó thaobh dath le himeacht ama agus is fearr a thiocfaidh leis an mbailchríoch atá ann ón gcéad lá riamh. Tá iarrtha ar an gconraitheoir samplaí a chur ar fáil de bhailchríocha leis an rindreáil aoil, sliogán agus cloch a chur ar fáil chun go mbeidh an fhoireann chaomhnaithe ábalta athbhreithniú a dhéanamh orthu agus muid ag iarraidh an bhailchríoch is fearr is féidir a fháil do bhalla an eastáit."

Is iad James Oliver Hearty & Sons a bheidh ag tabhairt faoin obair, a rinne obair chaomhnaithe roimhe seo ar Chaisleán na Gráinsí, Caisleán Ráth Fearnáin agus Dún Bataire Ráth Maoláin agus go leor eile ina measc. Táthar ag súil go mbeidh an obair tugtha chun críche faoi Mheán Fómhair.


Cóta tanaí 'harling' aoil curtha i bhfeidhm

# Grúpa Forfheidhmithe bunaithe chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh Straitéis Scileanna

Cuireadh Grúpa Forfheidhmithe ar bun chun cuspóirí Straitéis Scileanna Fhine Gall a sheachadadh.

Tugann an Grúpa ionadaithe ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna, fostóirí agus tionscail, gníomhaireachtaí rialtais agus Comhairle Contae Fhine Gall le chéile chun a chinntiú go mbeidh na scileanna cearta ag Fine Gall don todhchaí agus go bhfanfaidh sé ina réimse inmhianaithe le bheith ag obair agus ag infheistiú ann.

Is í Siobhan Kinsella, iar-Uachtarán Chomhlachas Éireann agus Chomhlachas Fhine Gall cathaoirleach an Ghrúpa. Bhí Kinsella ina Cathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach Straitéis Scileanna Fhine Gall a chuir Straitéis Scileanna Fhine Gall le chéile ar dtús.


Tá an Grúpa Forfheidhmithe ag tosú ar mholtaí Straitéis Scileanna Fhine Gall a chur i gcrích, agus iad ag glacadh cur chuige úr i bhfianaise na timpeallachta iar-Covid-19. Déanfaidh siad athbhreithniú rialta ar riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn sa chontae agus féachfaidh siad go gníomhach le soláthar oiliúna agus oideachais a chur i gcomparáid le héilimh an tionscail.

Is éard a dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh faoin ngrúpa: “Agus muid ag bogadh ar aghaidh ón bpaindéim COVID-19, is gá anois, níos mó ná riamh, a bheith ar an eolas faoi na scileanna atá riachtanach inár bhfórsa saothair agus tá sé iontach an Grúpa Forfheidhmithe a fheiceáil ag feidhmiú”.

Ag labhairt di ar thábhacht an Ghrúpa do Fhine Gall, dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: “Is é údarás áitiúil Fhine Gall an t-údarás leis an daonra is óige in Éirinn, agus mar sin táimid ag iarraidh ár Straitéis Scileanna a leabú i measc an tionscail agus an tsaoil acadúil. Léirigh an tuarascáil bearna scileanna ar fud na n-earnálacha go léir agus caithfimid é sin a shocrú chun a chinntiú go bhfanfaidh Fine Gall ina phríomháit chun infheistíocht a dhéanamh ann nó gnó a fhás ann. “

Seo mar a labhair Cathaoirleach Ghrúpa Forfheidhmithe na Straitéise Scileanna, Siobhan Kinsella: “Tá páirtithe leasmhara ábhartha sa Ghrúpa Forfheidhmithe a bhfuil an t-eolas, an taithí agus na líonraí acu chun cur i bhfeidhm na straitéise a fhorbairt. Cinnteoidh éagsúlacht a bhallraíochta go mbeidh réimse leathan daoine againn chun Straitéis Scileanna Fhine Gall a chur chun cinn ar fud an chontae agus níos faide i gcéin. “

Tagann an grúpa le chéile gach ráithe agus táimid ag tnúth leis an nuacht is déanaí ar a gcuid oibre a roinnt in eagráin de Fingal News amach anseo.



# Uimhreacha Fhine Gall

**3,174**

an méid uaireanta ar éisteadh leis an bpodchraoladh Inside Fingal. Tá gach podchraoladh sa tsraith ar fáil ar www.fingal.ie/podcast.

**3**

imeacht 'Fingal Celebrates' a bheidh ann i gCaisleán agus Páirc Bhaile Shoird, i nDiméin Ard Giollán agus i bPáirc San Caitríona i mí Lúnasa nó go luath i mí Mheán Fómhair.

**111**

aonad tithíochta atá ag staid na pleanála faoi láthair de réir Chlár Tógála na Comhairle.

**80,000**

fuair Ionad BASE i Mullach Eadrad deimhniú ar bhreis is 80,000 euro chun saoráidí a fheabhsú ó Fhiontraíocht Éireann.

**8**

eastát ar ghlac an Chomhairle i gcúram iad i mí an Mheithimh

**565**

líon na dtonaí gloine ar ndearnadh athchursáil orthu i mí an Mheithimh trí ghréasán iomlán Fhine Gall.

**76**

líon na ngléasraí ar cíos a d'eagraigh Aonad na Comhairle um Ghléasraí ar Cíos agus um Bhainistíocht Flít i mí an Mheithimh.

**264**

gnáthphatról a chuir an Maor Bruscair i gcrích i mí an Mheithimh.

**197**


líon na gCeadúnas Oscailte Bóthair a bhronn an Roinn Oibriúchán agus Seirbhísí Uisce i mí an Meithimh 2021.

# Do Chomhairleoirí




## Toghcheantair Aitiúil




**Baile Brigín**

1. An Comh. Tony Murphy
Independent
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030

2. An Comh. Grainne Maguire
Independent
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650

3. An Comh. Seána Ó Rodaigh
Labour Party
seana.orodaigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801

4. An Comh. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897

5. An Comh. Karen Power
Green Party
karen.power@cllrs.fingal.ie
089 965 4529

**An Ros - Lusca**

6. An Comh. Robert O'Donoghue
Labour Party
robert.odonoghue@cllrs.fingal.ie
083 0545554

7. An Comh. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485

8. An Comh. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. An Comh. Cathal Boland
Independent
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. An Comh. Paul Mulville
Social Democrats
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

**Sord**

11. An Comh. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378

12. An Comh. Ian Carey
Green Party
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004

13. An Comh. Dean Mulligan
Independents4Change
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. An Comh. Joe Newman
Independent
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

15. An Comh. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

16. An Comh. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

17. An Comh. James Humphreys
Labour Party
james.humphreys@cllrs.fingal.ie
083 8560832

**Binn Éadair / Mullach Íde**

18. An Comh. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. An Comh. David Healy
Green Party
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20. An Comh. Brian Mc Donagh
Labour Party
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

21. An Comh. Jimmy Guerin
Independent
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

22. An Comh. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.fingal.ie
087 754 6258

23. An Comh. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

24. An Comh. Joan Hopkins
Social Democrats
joan.hopkins@cllrs.fingal.ie
083 1031541

**Caisleán Cnucha**

25. An Comh. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

26. An Comh. John Walsh
Labour Party
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

27. An Comh. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 0506146

28. An Comh. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

20. An Comh. Pamela Conroy
Green Party
pamela.conroy@cllrs.fingal.ie
086 8462891

30. An Comh. Siobhan Shovlin
Fine Gael
siobhan.shovlin@cllrs.fingal.ie
087 3984778

**Ongar**

31. An Comh. Tania Doyle
Independent
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

32. An Comh. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

33. An Comh. Daniel Whooley
Green Party
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

34. An Comh. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

35. An Comh. Aaron O'Rourke
Sinn Féin
aaron.orourke @cllrs.fingal.ie
087 7042783

**Baile Bhlainséir - Mullach Eadrad**

36. An Comh. Mary McCamley
Labour Party
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 650 1441

37. An Comh. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. An Comh. John Burtachaell
Solidarity
john.burtchaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. An Comh. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. Fianna Fáil